AN ROINN OIDEACHAIS

AN TUARASCÁIL DEIRIDH MEASÚNACHTA TIONCHAIR CHOMHIONANNAIS AR DHRÉACHTRIALACHÁIN NA MÚINTEOIRÍ (CÚITEAMH AS IOMARCAÍOCHT AGUS AS SCOR ROIMH AM) (TÉ) 2010 AGUS LEASUITHE COMHLÁNTACHA AR RIALACHÁIN AOISLIÚNTAIS NA MÚINTEOIRÍ (TÉ) 1998

(THE FINAL EQUALITY IMPACT ASSESSMENT ON THE DRAFT TEACHERS' (COMPENSATION FOR REDUNDANCY AND PREMATURE RETIREMENT) REGULATIONS (NI) 2010 AND COMPLEMENTARY AMENDMENTS TO THE TEACHERS' SUPERANNUATION REGULATIONS (NI) 1998

Márta 2010

Cuireann an cháipéis seo torthaí Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais ar dhréachtRialacháin na Múinteoirí (Cúiteamh As Iomarcaíocht Agus As Scor Roimh Am) (TÉ) 2010 agus leasuithe comhlántacha ar Rialacháin Aoisliúntais Na Múinteoirí (TÉ) 1998 i láthair.

Éilíonn Alt 75 den Acht um Thuaisceart Éireann 1998 ar an Roinn, agus í i mbun a cuid feidhmeanna, aird mar is cuí a thabhairt ar an ghá le comhionannas deiseanna a chothú idir:

- daoine le creidimh reiligiúnacha difriúla;
- daoine ó ghrúpaí éagsúla ciníocha;
- daoine d'aoiseanna difriúla;
- daoine le stádais dhifriúla pósta;
- daoine le claontaí difriúla gnéasacha;
- fir agus mná i gcoitinne;
- daoine le nó gan míchumas;
- daoine le nó gan cleithiúnaithe; agus
- daoine le barúlacha difriúla polaitiúla.

Ina theannta sin, ach gan dochar don dualgas thuas, ba chóir don Roinn aird mar is cuí a thabhairt ar an inmhianaitheacht maidir le dea-chaidreamh a chothú idir dhaoine le le creidimh reiligiúnacha difriúla, le barúlacha difriúla polaitiúla nó ó ghrúpaí éagsúla ciníocha.

Éilíonn an reachtaíocht seo ar údaráis phoiblí Measúnacht Tionchair Chomhionannais (MTC) a chur i bhfeidhm mar ar dócha go mbeidh tionchar ag polasaí beartaithe ar chomhionannas deiseanna. Mar fhreagairt air seo, bheartaigh an Roinn go raibh MTC de dhíth ar dhréacht-Rialacháin na Múinteoirí (Cúiteamh as Iomarcaíocht agus as Scor Roimh Am) (TÉ) 2010 agus Leasuithe Comhlántacha ar Rialacháin Aoisliúntais Na Múinteoirí (TÉ) 1998 (dá dtagraítear ina dhiaidh seo mar na dréacht-Rialacháin).

Clár Ábhair

1.	Intreoir agus Cúlra	5
2	Ag Sainmhíniú Aidhmeanna na nDréacht-Rialachán (Defining the Aims of the Draft Regulations)	9
3	Ag Amharc ar na Sonraí agus ar an Taighde atá ar Fáil (Consideration of Available Data and Research)	12
4	Measúnacht Tionchar (Assessment of Impacts)	16
5	Ag Amharc ar Mhaolú agus ar Chomhroghanna (Consideration of Mitigation and Alternatives)	22
6	Profú Tuaithe/Réigiúnach (Rural/Regional Proofing)	25
7	Comhairliúchán Foirmiúil (Formal consultation)	25
8	Cinneadh ón Údarás Poiblí (An Roinn Oideachais) (Decision by the Public Authority) (The Department of Education)	28
9	Foilsiú Thorthaí na Measúnachta Tionchair Chomhionannais (Publication of Results of Equality Impact Assessment)	28
10	Monatóireacht do Thionchar Diúltach sa Todhchaí agus Foilsiú Thorthaí na Monatóireachta seo (Monitoring for Adverse Impact in the Future and Publication of the Results of such Monitoring)	28

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn 1	Sanas Téarmaí	29
Iarscríbhinn 2	Achoimre ar fhreagairtí comhairliúchán	30

Iarscríbhinn 3	Tagairtí na Roinne agus athruithe atá beartaithe mar fhreagairt ar cheisteanna a thógtar sa chomhairliúchán	39
Iarscríbhinn 4	Coimre sonraí ar an lucht saothair teagaisc reatha	39
Iarscríbhinn 5	Clár Scor (tuaisceart na hÉireann)	42
Iarscríbhinn 6	Clár Scor (Sasana)	43
Iarscríbhinn 7	Comparáid idir Shocruithe Scor Roimh Am na Múinteoirí i dtuaisceart na hÉireann, i Sasana & an Bhreatain Bheag agus in Albain	44
Iarscríbhinn 8	Comparáid idir Shocruithe Scor Roimh Am na hEarnála Poiblí i dtuaisceart na hÉireann	47
Iarscríbhinn 9	Achoimre ar fhreagairtí comhairliúchán don EQIA	50

1. INTREOIR AGUS CÚLRA

Intreoir

Tá sé beartaithe ag an Roinn Oideachais Rialacháin na Múinteoirí (Cúiteamh as Iomarcaíocht agus as Scor Roimh Am) (TÉ) 2010 agus Leasuithe Comhlántacha ar Rialacháin Aoisliúntais na Múinteoirí (TÉ) 1998 (dá dtagraítear ina dhiaidh seo mar “na dréacht-rialacháin”) a dhéanamh. Soláthraíonn na dréacht-rialacháin go n-íocfaidh fostóirí, amach anseo, as costas breise scor roimh am múinteoirí má tharlaíonn a leithéid.

Is é a dhéanfaidh na dréacht-rialacháin ná dliteanas a aistriú chuig fostóirí múinteoirí as na costais uile a bhaineann le cúiteamh as scor roimh am, lena n-áirítear luathíocaíocht sochar neamhlaghdaithe pinsin. Tabharfaidh siad rogha fosta d’fhostóirí íocaíochtaí méadaithe téarfa a dhéanamh suas le huasmhéid pá 104 seachtaine gan aon uasteorainn aoise. Do mhúinteoirí atá 55 d’aois agus níos mó, cuirfidh sé seo comhrogha ar fáil d’fhostóirí ar chúiteamh as scor roimh am a dheonú. Ceist pholasaí ó thaoh an fhostóra de a bheidh sna cúinsí faoina ndéanfar íocaíochtaí agus leibhéal na n-íocaíochtaí seo.

Bhí na dréacht-rialacháin, chomh maith le Scagthástáil Chomhionannais na ndréacht-rialachán, mar ábhar comhairliúcháin poiblí le linn Mhárta, Aibreáin agus Bealtaine na bliana seo (féach Alt 7: *Comhairliúchán Foirmiúil*). Mhaígh líon suntasach freagróirí go mbeadh tionchar ag na dréacht-rialacháin ar roinnt grúpaí Alt 75 agus gur chóir MTC iomlán a dhéanamh.

Cúlra

Scéim reachtúil atá i Scéim Pinsean Múinteoirí TÉ (NITPS) atá faoi réir ag Rialacháin Aoisliúntais na Múinteoirí (TÉ) 1998 (arna leasú). Scéim sochar ranníocach sainithe "tuarastal deiridh" atá ann, atá á riar ag an Roinn Oideachais thar ceann fostóirí múinteoirí.

Tá socruithe scoite ann faoi láthair a ligeann do mhúinteoirí a théann ar scor roimh am a bpinsin, a bheith íoctha go luath gan laghdú achtúireach agus, faoi

rogha an fhostóra, cúiteamh iomlán a bheith dáfa dóibh i bhfoirm chreidmheas breise seirbhíse ("blianta breise"). Tugtar an Scéim Cúitimh as Scor Roimh Am ar na socruithe seo (PRCS).

Tá sé i gceist go gcuirfidh socruithe PRCS uirlis bhainistíochta ar fáil a thig le húdaráis fostaíochta a úsáid le feabhsú cáilíochtúil a chur i bhfeidhm i soláthar oideachais ina gcuid scoileanna. Ligeann siad d'fhostóirí mhúinteoirí iomarcaíochtaí a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs athrú riachtanach eagraíochtúil agus múinteoirí a scor ar mhaithe le comhlíonadh éifeachtúil fheidhm an fhostóra. Ní bhronnann siad ceart luathscor ar mhúinteoirí.

Baineann PRCS le luathscor (roimh ghnátham pinsin an NITPS[1]): tá forálacha leithleacha ann do scor tinnis, nach bhfuil aon tionchar ag na dréacht-rialacháin orthu.

Údaráis na scoileanna faoi láthair a dhéanann cinntí ar luathscor agus dámhachtain aon bhlianta breise atá údaraithe ag an Údarás Cúitimh (na Boird Oideachais agus Leabharlainne (BOLanna) do scoileanna rialaithe agus faoi chothabháil; an Roinn Oideachais do gach scoil dheontaschúnta eile; an Roinn Fostaíochta agus Foghlama (RFF) do choláistí breisoideachais). An NITPS a sheasfaidh costais phinsin neamhlaghdaithe roimh ghnátham a íoc agus mar sin de ní muirear ar bhuiséid scoileanna aonair nó ar bhuiséid na mBOLanna. Faoi Rialacháin na Múinteoirí (Cúiteamh as Iomarcaíocht agus as Scor Roimh Am) atá ann faoi láthair, caithfidh údaráis fostaíochta íoc as aon chúiteamh blianta breise a chinneann siad a cheadú. Roimh Aibreán 2008 níor cloíodh leis an riachtanas seo agus an NITPS a sheas na costais seo fosta. (Do choláistí breisoideachais bhí na costais seo á seasamh ag an RFF cheana féin.)

Go ginearálta, bíonn gach scéim pinsean ag feidhmiú ar bhonn gur leor ranníocaíochtaí a íocann na baill agus a gcuid fostóirí le costas sochair sa todhchaí a chlúdach. Faoi na socruithe reatha, comhthiomsaítear costais scor roimh am don NITPS i measc gach fostóir múinteoirí (glactar leis go gclúdaíonn an téarma "múinteoirí" múinteoirí agus léachtóirí i gcoláistí breisoideachais).

[1] D'iontrálaithe i ndiaidh 1 Aibreán 2007, is é gnáthaois an phinsin ná 65. D'iontrálaithe roimh an data seo, is é 60 gnáthaois an phinsin.

D'fhéadfadh sé tarlú mar sin nach ndéanfadh fostóir scor roimh am ar bith nó cuid mhór, ach go ndíolfadh sé an ráta céanna ranníocaíochta sa dá chás. Chomh maith leis seo, ní fheictear costas chinntí na bhfostóirí ar scor roimh am ina gcuid ranníocaíochtaí go dtí an chéad luacháil eile de chuid Roinn Achtúire an Rialtais den NITPS, rud nach dtarlódh b'fhéidir go ceann roinnt blianta. Níor spreag an córas seo fostóirí gníomhú go críonna. Cé go raibh an PRCS éifeachtach agus iad ag cuidiú le fostóirí iomarcaíochtaí múinteoirí a éiríonn as druidim scoileanna agus as cónascthaí a bhainistiú, tharraing na méaduithe fiala a dámhadh mar chuid de phacáistí costasacha iomarcaíochta cáineadh ó Choiste Cuntas Poiblí Westminster.

Ciallaíonn teaglaim de leibhéil fhiala méadaithe agus méadú i líon na scor roimh am le blianta beaga anuas go mbeadh gá le méadú suntasach i ranníocaíochtaí dá mbeadh costas scor roimh am le bheith mar thromualach go fóill ar an NITPS. Bheadh tionchar gan iarraidh aige seo ar sheirbhísí túslíne agus/nó ar an phá ghlan a bheadh ag gach múinteoir. Tá a leithéid de shuíomh neamh-inbhuanaithe agus tá gníomhaíocht de dhíth air le costais scor roimh am a rialú.

Gníomhaíodh roinnt blianta ó shin[2] sna scéimeanna inchomparáide in Albain agus i Sasana agus sa Bhreatain Bheag le cinntiú go raibh fostóirí cuntasach as costais na gcinntí scor roimh am a dheonú. Moladh d'fhostóirí mar sin cinntí ciallmhara críonna a dhéanamh. Tá comparáid idir na socruithe i dtuaisceart na hÉireann, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus Albain faoi iamh ag Iarscríbhinn 7. Is e an tionchar a bheadh ag na dréacht-rialacháin ná an NITPS a thabhairt i bhfogas leis na scéimeanna inchomparáide in Albain agus i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus le scéimeanna eile de chuid na hearnála poiblí i dtuaisceart na hÉireann chomh maith mar a mbíonn fostóirí freagrach cheana féin as costais bhreise scor roimh am a sheasamh. Tá comparáid idir na socruithe idir scéimeanna de chuid na hearnála poiblí i dtuaisceart na hÉireann faoi iamh ag Iarscríbhinn 8. I ndeisceart na hÉireann cuireadh na trí shraith den Scéim um Luathscor do mhúinteoirí ar fionraí ar feadh tréimhse éiginnte i ndiaidh cháinaisnéis 2008.

[2] I 1996 in Albain agus i 1997 i Sasana agus sa Bhreatain Bheag d'éirigh fostóirí faoi dhliteanas as costais iomlána scor roimh am. Aistríodh costas mhéaduithe ("blianta breise") chuig fostóirí i 1991.

Is scéimeanna sochar sainithe iad an mhórchuid de phinsin ghairme na hearnála poiblí, ach tá sé socraithe ag an earnáil phríobháideach na scéimeanna a dhruidim den chuid is mó agus aistriú chuig scéimeanna le ranníocaíocht sainithe nó gan ranníoc le scéim ghairme ar chor ar bith. Tá na scéimeanna is féile de chuid na hearnála poiblí i ndiaidh éirí níos costasaí agus tharraing sé seo cáineadh suntasach ón phreas, go háirithe sa timpeallacht eacnamaíoch reatha. Sa chomhthéacs seo ní rogha réadúil é níos mó do scéim de chuid na hearnála poiblí leanúint uirthi ag cur lena cuid dliteanas trí na costais bhreise leanúnacha a bhaineann le cúiteamh as scor roimh am a sheasamh.

Thosaigh athbhreithniú fadréimseach ar an trí Scéim Pinsean Múinteoirí (Sasana agus an Bhreatain Bheag, Albain agus tuaisceart na hÉireann) i Mí na Samhna 2003, agus aontaíodh ar phacáiste leasuithe idir an Rialtas, ceardchumainn agus fostóirí le hinbhuanaitheacht airgeadais a chinntiú san fhadtéarma, agus chun freastal ar riachtanais lucht saothair atá ag éirí níos ilghnéithí, agus níos nua-aimseartha i rith an ama. Mar chuid de na socruithe, socraíodh ráta ranníocaíocht na mball, i ndiaidh chur i bhfeidhm na bhforálacha nua, ag an leibhéal céanna trasna gach ceann de na trí scéim pinsean mhúinteoirí. Dlisteanaíodh é seo ar an bhonn gur chóir go mbeadh baill a fhaigheann sochair inchomparáide den chuid is mó ag dréim le ranníocaíochtaí a íoc ag an ráta céanna, is cuma cé acu ceann den trí scéim a bhí siad mar bhall di.

Nuair a aontaíodh air seo, bhíothas ag dréim go dtabharfaí socruithe um scor roimh am i dtuaisceart na hÉireann i bhfogas leo siúd a bhí ag feidhmiú sna scéimeanna eile pinsin mhúinteoirí. Dá leanfaí le PRCS gan mhaoiniú i dtuaisceart na hÉireann mar sin de rachadh se in éadan an pholasaí bhunaithe do Scéimeanna Pinsean na Múinteoirí agus do phinsin na hearnála poiblí go ginearálta.

Tá sé tábhachtach a chur in iúl, áfach, nach bhféachann na dréacht-rialacháin atá beartaithe le deireadh a chur leis an chúiteamh a d'fhéadfadh fostóirí a dhíol le múinteoirí a théann ar scor roimh am nó é a

laghdú. Ina áit sin, féachann siad le fostóirí a dhéanamh freagrach as costas chúiteamh mar seo agus mar sin de úsáid níos inbhuanaithe de na forálacha atá ann cheana féin a chothú.

2. AG SAINIÚ AIDHMEANNA NA NDRÉACHT-RIALACHÁN

Cad iad aidhmeanna, cuspóirí agus feidhm na ndréacht-rialachán?

Scéim sochar sainithe "tuarastal deiridh" atá sa NITPS agus tá sé go fóill ar cheann de na sochair is tábhachtaí agus is luachmhaire atá ar fáil do mhúinteoirí. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara ag an tús nach molann na dréacht-rialacháin aon athrú do na sochair atá ar fáil do mhúinteoirí faoin NITPS. Ina measc seo tá:

- Ranníocaíocht shuntasach fostóra chun costas pinsin –ag an ráta 13.6% den tuarastal comhlán faoi láthair;
- Pinsean ráthaithe ag gnáthaois an phinsin;
- An rogha cuid den phinsean a ghlacadh mar chnapshuim atá saor ó cháin (riachtanach do mhúinteoirí atá ag teacht isteach sa Scéim roimh 1 Aibreán 2007);
- Luach an phinsin cosanta trí threoirnasc iomlán;
- Rochtain ar shochair tinnis, má tharlaíonn sé go n-éiríonn múinteoir neamhábalta teagasc go buan;
- Pinsean do pháistí agus do chleithiúnaithe;
- Deontas báis inseirbhíse;
- An rogha go n-íocfaí an pinsean go luath ag ráta laghdaithe go hachtúireach nó trí rogha chéimnithe scoir.

Féachann an reachtaíocht nua le bearta a thabhairt isteach le costais mhéadaithe an PRCS a rialú. Mhol Roinn Achtúire an Rialtais i 2005 (is ón am sin a d'ardaigh minicíocht scor roimh am go suntasach) go mbeadh méadú suntasach i ranníocaíochtaí, de níos mó ná £60m sa bhliain, de dhíth dá mbeadh costas scor roimh am le bheith go fóill mar dhliteanas ar NITPS na múinteoirí; agus tharraing na socruithe atá ann faoi láthair diancháineadh ó Choiste Cuntas Poiblí Westminster.

Tabharfaidh an reachtaíocht nua na forálacha le múinteoirí a chúiteamh as scor roimh am a bheag nó a mhór i bhfogas leis na socruithe faoi na scéimeanna comhfhreagracha in Albain agus i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Is é an tionchar a bheidh leis na rialacháin nua ná fostóirí a dhéanamh freagrach as costas luathíocaíocht sochar pinsin neamhlaghdaithe i gcásanna inar chomhaontaigh siad scor roimh am a dheonú, mar aon le costas aon mhéadú "blianta breise". Ciallaíonn sé seo, uair amháin go ndéantar na rialacháin, go seasfaidh an NITPS costais na sochar fabhraithe amháin, .i. méid pinsin agus cnapshuim atá laghdaithe go hachtúireach do mhúinteoirí atá ag dul ar scor roimh am. Íocfaidh an fostóir as iarmhéid an phinsin bhliantúil agus na cnapshuime, lena n-áirítear aon chreidmheas breise seirbhíse.

Ligfidh na rialacháin d'fhostóirí íocaíocht mhéadaithe théarfa (nó "foirceanta") suas le tuarastal 104 seachtain a dhéanamh fosta. Thabharfaí íocaíochtaí mar seo san áireamh i dtaca le dualgas reachtúil an fhostóra cúiteamh as iomarcaíocht a chomhlíonadh agus bheadh siad ar fáil fosta do gach múinteoir is cuma cén aois a bhí acu nó cén fad seirbhíse a bhí déanta acu (ina measc gach múinteoir nach bhfuil i dteideal íocaíocht láithreach an phinsin as siocair a n-aoise). Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go mbeadh na roghanna ar scor roimh am agus ar phá téarfa méadaithe comheisiatach agus, faoi na rialacháin[3] atá ann faoi láthair, ó 6 Aibreán 2010 méadóidh an aois íosta a dtig an pinsean a íoc go dtí 55. Do mhúinteoirí atá idir 55 agus 65, thabharfadh pá téarfa méadaithe comhrogha don fhostóir ar scor roimh am a dheonú.

Is é aidhm na ndréacht-rialachán cuidiú le hinbhuanaitheacht an NITPS sa todhchaí a urrú agus cinntiú go bhfanann ranníocaíochtaí agus sochair na mball coibhéiseach leo siúd sna scéimeanna incomparáide i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus in Albain. Féachann na dréacht-rialacháin leis an aidhm seo a bhaint amach trí:

- dhliteanas a aistriú as costais a bhaineann le cúiteamh as scor roimh am go dtí fostóirí múinteoirí, ag cinntiú mar sin nach mbíonn siad go fóill mar thromualach ar an NITPS;

[3] The Teachers Superannuation Regulations (NI) 1998 (S.R. 1998 No. 333) arna leasú ag The Teachers' Pensions srl. (Reform Amendments) Regulations (NI) 2007 (S.R. 2007 No. 137)

- na forálacha atá ann do scor roimh am faoi láthair a choinneáil, a ligeann d'fhostóirí múinteoirí a scaoileadh saor go luath nuair is gá; agus

- chumhacht a thabhairt d'fhostóirí íocaíochtaí téarfa suas le tuarastal 104 seachtain a dhéanamh.

Ní fhéachann na dréacht-rialacháin atá beartaithe le deireadh a chur leis an chúiteamh a d'fhéadfadh fostóirí a dhíol le múinteoirí a théann ar scor roimh am nó é a laghdú. Ina áit sin, féachann siad le fostóirí a dhéanamh freagrach as costas chúiteamh mar seo agus mar sin de úsáid níos inbhuanaithe de na forálacha atá ann cheana féin a chothú.

3. BREITHNIÚ AR SHONRAÍ AGUS AR THAIGHDE ATÁ AR FÁIL

Leagtar na sonraí atá ar fáil faoin phróifíl den lucht saothair teagaisc reatha amach ag Iarscríbhinn 4. Soláthraíonn Iarscríbhinn 5 sonraí ó chórais phinsin na múinteoirí a léiríonn líon na múinteoirí a bhain leas as na socruithe faoi scor roimh am roimhe seo; agus leagtar eolas inchomparáide do Shasana agus don Bhreatain Bheag amach ag Iarscríbhinn 6. Déanann Iarscríbhinn 7 comparáid idir na forálacha do scor roimh am i dtuaisceart na hÉireann na forálacha do mhúinteoirí i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, in Albain agus i ndeisceart na hÉireann; agus soláthraíonn Iarscríbhinn 8 comparáid le scéimeanna eile de chuid na hearnála poiblí i dtuaisceart na hÉireann.

I Mí na Nollag 2002 d'fhoilsigh an Rialtas Páipéar Glas ina raibh tograí agus moltaí le daoine a spreagadh le hobair níos faide agus níos mó a choigilt don am a mbeadh siad ag dul ar scor: *Simplicity, security agus choice: Working agus saving for retirement* Cm 5677 (http://www.dsdni.gov.uk/green_paper-2.pdf).

I Mí an Mheithimh 2003, rinneadh moladh gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar gach scéim pinsean de chuid na hearnála poiblí: *Simplicity, security agus choice: Working agus saving for retirement- Action on occupational pensions* Cm 5835 (http://www.dsdni.gov.uk/wasfr_action_occup_pensions.pdf). Bhí an Rialtas den bharúil gur chóir gnáthaois an phinsin a ardú, agus d'athraigh na scéimeanna le fad saoil feabhsaithe agus patrúin oibre nua-aimseartha a léiriú.

I Mí na Bealtaine 2006 d'fhoilsigh an Rialtas a fhreagairt ar an dúshlán pinsean fadtéarmach: *Security in retirement: towards a new pensions system* Cm 6841 (http://www.dwp.gov.uk/docs/white-paper-complete.pdf). Féachann an Páipéar Bán le níos mó daoine a spreagadh pleanáil agus coigilt le dul ar scor.

Le chéile, tugann na caipéisí seo breac-chuntas ar na dúshláin atá roimh scéimeanna pinsin oibre mar thoradh ar bhrúnna mar fad saoil méadaithe. Mar shampla, idir 1980 agus 2005, mhéadaigh ionchas saoil ag 65 i dtuaisceart na hÉireann ó 13 go dtí 20 bliain; agus déanfaidh na daoine a bhaineann 65

amach faoi lár an chéid seo suas níos mó ná 90% dá nglúin agus beidh fad saoil de thart faoi 24 bliain eile acu.

Cháin tuairiscí ón Oifig Iniúchóireachta (OITÉ) agus ó Choiste Cuntas Poiblí Westminster (CCP) úsáid na scéime cúiteamh as scor roimh am, i dtaca le líon na múinteoirí a chuaigh ar scor roimh am agus méid an chúitimh a dheonaítear de ghnáth:

Tuairisc an OITÉ 1992 (*The Department of Education for Northern Ireland: Premature Retirement of Teachers, Northern Irelagus Audit Office, February 1992, HC 248*) agus subsequent PAC hearing in 1992 (*17th Report, Session 1992-93, HC 84*).

Tuairisc an OITÉ Nollaig 2002 (*The Management of Substitution Cover for Teachers*): http://www.niauditoffice.gov.uk/pubs/reports/2002/Teachers/FullReport.pdf agus éisteacht CCP ina dhiaidh sin i Mí Feabhra 2003: http://www.publications.parliament.uk/pa/cm200203/cmselect/cmpubacc/473/473.pdf)

In Aibreán 2008 cuireadh próiseas scagthástála ar bun maidir leis an chinneadh fostóirí a dhéanamh freagrach as na costais pinsean a bhain le dámhachtain creidmheas seirbhíse breise (“blianta breise”). Cuireadh an Teimpléad Scagthástála ar láithreán gréasáin na Roinne agus iarradh barúlacha ó pháirtithe leasmhara, ina measc ionadaithe ó ghrúpaí Alt 75. Ní bhfuarthas aon cheann. Thit líon na n-iomarcaíochtaí múinteoirí i scoileanna (seachas Coláistí Breisoideachais) faoi 47% i 2008 i gcomparáid le 2007; agus bhí laghdú breise 29% i 2009 i gcomparáid le 2008.

Bhí laghdú tobann de níos mó ná 80% i líon na scor roimh am i Sasana agus sa Bhreatain Bheag i 1998 i ndiaidh dóibh tosú muirear crua iomlán a ghearradh ansin ó Mheán Fómhair 1997. Bhí sé seo mar gheall ar araíonacht níos fearr ó na húdaráis fostaíochta in úsáid cúiteamh as scor roimh am agus a laghdú comhfhreagrach i líon na ndeonach. Sna cúig bliana go díreach i ndiaidh 1998

mhéadaigh líon na scor roimh am de réir a chéile go dtí thart faoi 60% de na leibhéil réamh-1997. Féach an tábla ag Iarscríbhinn 5.

Rinneadh comhairliúchán le ceardchumainn na múinteoirí agus le húdaráis fostaíochta trí Ghrúp Oibre Cúiteamh as Scor Roimh Am, ar fo-ghrúpa é de Choiste Comhairleach Aoisliúntais na Múinteoirí (Teachers' Superannuation Consultative Committee) (féach Alt 7: *Comhairliúchán Foirmiúil*). Léiríodh na tuairimí seo a leanas agus nótáil an Roinn iad. (Thiocfadh dó go bhfuil cuid mhór de na tuairimí a léiríodh bunaithe ar an bhonn tuisceana nach mbeidh fostóirí sásta luatheisiúint sochar pinsean a mhaoiniú nó cúiteamh coibhéiseach a thairiscint, i ndiaidh do na rialacháin mholta a bheith déanta):

- D'fhéadfadh iomarcaíochtaí éigeantacha bheith mar thoradh ar na hathruithe.

- Ba chóir linn soláthair a chur ar bun le fostaíocht leanúnach a ráthú do mhúinteoirí a bheadh iomarcach go héigeantach gan é sin.

- Tá gá le deis le ligean do mhúinteoirí níos mó solúbthachta a bheith acu i dtaca le foirceannadh i dtreo dheireadh a gcuid saol oibre.

- Ciallóidh na hathruithe laghdú i líon na múinteoirí nua-cháilithe a fhostófar.

- Ba chóir moill a chur ar na hathruithe ar an bhonn go ndéanfadh sé níos mó céille iad a chur i bhfeidhm ag an am céanna le ESA.

- Beidh aimhrialtachtaí idir shochair scor roimh am mar thoradh ar na hathruithe agus ar na téarmaí téarfa a thairiscítear do mhúinteoirí agus d'fhoireann scoile neamhtheagaisc, agus don ghrúpa atá faoi thionchar an RPA.

- Má theipeann ar fhostóirí luatheisiúint sochar pinsin a mhaoiniú mar a rinneadh sna blianta roimhe seo féadfaidh gníomhaíocht thionsclaíoch ó cheardchumainn na múinteoirí bheith mar thoradh air.

Leanadh air seo le comhairliúchán foirmiúil poiblí 8-seachtaine a chríochnaigh ar 15 Bealtaine 2009. Tá achoimre de na freagairtí comhairliúcháin faoi iamh ag Iarscríbhinn 2. Ardaíodh na ceisteanna comhionannais seo a leanas:

- Tá na socruithe úra leithcheala in éadan mhúinteoirí atá anois thar 50, a chaithfidh obair níos faide agus a bhféadfadh a gcuid sláinte fulaingt dá dheasca.

- Ó tharla go mbeidh múinteoirí níos sine ag fanacht níos faide i bhfostaíocht, beidh sé níos doilí ar mhúinteoirí nua-cháilithe obair a fháil. Beidh seans níos láidre go dtarlóidh iomarcaíocht éigeantach do mhúinteoirí óga.

- Beidh tionchar ó thaobh inscne de ag cuimhneamh ar an chomhréir ard de mhúinteoirí baineanna, go háirithe sna réimsí aoiseanna ísle.

- Beidh tionchar ar chleithiúnaithe na múinteoirí a ghlacann pinsin atá laghdaithe go hachtúireach

Pléitear na pointí seo faoi *Measúnacht Tionchar* agus *Ag Amharc ar Mhaolú agus ar Chomhroghanna*.

Is cosúil go bhfuil na hargóintí a bhaineann le comhionannas bunaithe ar an bhonn tuisceana nach mbeidh fostóirí ábalta go leor deonach a aimsiú be le hiomarcaíochtaí éigeantacha a sheachaint. Tugann fianaise ó na scéimeanna eile múinteoirí, a d'athraigh chuig muirear crua a ghearradh sna 1990í, le fios gur ardaigh líon na ndeonach uair amháin gur choigeartaigh ionchais na múinteoirí go dtí leibhéal an chúitimh a bhí á thairiscint ag údaráis fostaíochta, cé go raibh ísliú i líon na ndeonach i dtús báire.

4. MEASÚNACHT TIONCHAR

Sa MTC seo, d'amharc an Roinn ar an dualgas gan leithcheal a dhéanamh (go díreach nó go neamhdhíreach) i dtaca leis na grúpaí ábhartha agus ar an dóigh a gcuireann na moltaí comhionannas deiseanna chun cinn fosta. Leagtar measúnacht na dtionchar agus na sochar a bhaineann leis na dréacht-rialacháin i dtaca le gach ceann de na catagóirí Alt 75 amach sna paragraif seo a leanas.

Inscne

I Mí Lúnasa 2008 b'ionann comhshuíomh an luchta saothair teagaisc agus 74.4% baineann agus 25.6% fireann. Taispeánann miondealú aoise na ndaoine atá i dteideal sochair scor roimh am a fháil (múinteoirí thar 50) go raibh 64.8% baineann agus 35.2% fireann. Taispeánann na figiúirí do scor roimh am (bliain airgeadais 2007/08) go bhfuil glacadh scor roimh am 61.3% baineann agus 38.7% fireann. Thaispeáin sé seo glacadh rud beag níos airde ó mhúinteoirí fireanna nuair a cuireadh i gcomparáid leis an réimse incháilithe é.

Thug freagairtí ar an dá chomhairliúchán le fios go méadódh líon na múinteoirí óga baineanna a raibh iomarcaíocht éigeantach rompu dá mbeadh téarmaí téarfa nó scor roimh am níos mítharraingtí do mhúinteoirí is sine, rud a léiríonn an chomhréir is airde baineann san aoisbhanda is óige i gcomparáid leis na thar-50í nó le gairm na múinteoireachta ina iomlán. Níl sé soiléir go fóill áfach, cad é an tionchar a bheidh ag an chúiteamh a thairgfear sna blianta amach romhainn ar líon agus ar phróifíl na ndaoine a bheidh ag glacadh go deonach le hiomarcaíocht.

Dá leanfaí ar aghaidh **gan** na hathruithe reachtacha molta is é an toradh a bheadh air ná méadú suntasach i ráta caighdeánach ranníocaíochta Scéim Pinsean Múinteoirí TÉ. Bheadh tionchar gan iarraidh ag méadú i ráta ranníocaíochta an fhostóra ar sheirbhísí túslíne agus laghdódh méadú i ráta ranníocaíochta an fhostaí pá glan na múinteoirí uile, agus d'fhéadfadh sé tionchar díréireach a bheith aige ar mhúinteoirí is óige, is dócha a bheadh ar

phointí íochtaracha an pháscála. Tá níos mó ban go comhréireach ar an aoisbhanda is óige fosta.

Aois

Ó tharla go mbaineann an polasaí seo le scor roimh am is féidir go mbeidh tionchar a bhaineann le haois i gceist. Ciallaíonn na Rialacháin um Chomhionannas Fostaíochta (Aois) (TÉ) 2006 (Employment Equality (Age) Regulations) (NI) 2006 go bhfuil sé neamhdhleathach do scéimeanna pinsean leithcheal a dhéanamh ar bhaill nó ar bhaill ionchasacha de scéim pinsean. Aithníonn an Rialtas áfach, go bhfuil gá le cuid mhór rialacha agus cleachtais a bhaineann le haois d'oibriú ceart scéimeanna pinsean. Díolmhaíonn na Rialacháin um Chomhionannas Fostaíochta (Aois) (TÉ) 2006, mar sin, cuid mhór rialacha, cleachtais, gníomhartha nó cinntí a bhaineann le haois go héifeachtúil, i dtaca le scéimeanna pinsean de.

Tá fianaise ann go bhfuil ionchas i measc roinnt múinteoirí gur rogha atá i scor roimh am nó gur chóir go mbeadh an rogha ann is féidir a chur i bhfeidhm go deonach ag baint 50 bliain d'aois amach dóibh nó ina dhiaidh. Ní ionchas dlisteanach é seo mar go bhfuil sé i gceist leis an Scéim Cúitimh as Scor Roimh Am gur uirlis bhainistíochta a bheadh ann le cuidiú le fostóirí an lucht saothair teagaisc a bhainistiú, agus ní dóigh le múinteoirí ar mian leo scor go luath a éascú. (Tugadh foráil leithleach isteach i 2007 a cheadaíonn do mhúinteoir atá 55 bliain d'aois nó níos mó dul ar scor roimh ghnáthaois scoir agus sochair phinsin atá laghdaithe go hachtúireach a fháil). Mar sin féin, tá ionchas faoi láthair ag múinteoirí atá faoi 50 bliain d'aois a bhfógraítear a gcuid post a bheith iomarcach gur féidir leo iomarcaíocht aistrithe a fháil mar gheall ar an líon deonach is dócha a bheidh ann i measc na thar-50í. Tá reachtaíocht ann cheana féin a ardóidh an aois scoir íosta go dtí 55 le héifeacht ó 6 Aibreán 2010.

Ó tharla nach seasfaidh an NITPS costas scor roimh am níos mó faoi na rialacháin mholta, is féidir nach mbeidh an leibhéal cúitimh a bheidh á thairiscint ag údaráis fostaíochta chomh flaithiúil agus a bhí sé sna blianta roimhe seo agus mar sin de is féidir go mbeidh níos lú deonach ann d'iomarcaíocht. (Tugadh an patrún seo faoi deara nuair a tugadh muirear crua do chostais iomlána scor roimh am isteach i Sasana agus sa Bhreatain Bheag i 1997.) Mura mbíonn fostóirí ábalta, amach anseo, go leor deonach a aithint faoi

choinne iomarcaíochta, is féidir go mbeidh méadú i líon na n-iomarcaíochtaí éigeantacha. Is féidir go n-éireoidh aoisphróifíl na múinteoirí iomarcacha níos measctha mar sin – nó san aoisraon is óige den chuid is mó – in ionad múinteoirí atá beagnach go heisiatach níos sine (50+) mar atá amhlaidh faoi láthair. Braitheann sé seo go hiomlán ar an leibhéal maoinithe atá leithdháilte faoi choinne cúitimh ag údaráis fostaíochta áfach, agus ar a gcumas poist iomarcacha a mheaitseáil le deonaigh. Bheadh sé seo ag brath faoi seach ar mhéid ionchas na múinteoirí maidir le cad é a chomhdhéanann leibhéal réasúnta nó inghlactha cúitimh. Sna cúig bliana go díreach ag leanúint 1998 mhéadaigh líon na scor roimh am i Sasana agus sa Bhreatain Bheag de réir a chéile go dtí thart faoi 60% de na leibhéil réamh-1997 (féach Iarscríbhinn 6).

I ndiaidh aistriú d'fhostóirí na gcostas a bhaineann le "blianta breise" in Aibreán 2008, thit líon na scor roimh am i scoileanna (seachas Coláistí Breisoideachais) ó 557 i 2007 go 306 i 2008 (inar thit iomarcaíochtaí ó 516 go 272). Bhí laghdú breise i líon na n-iomarcaíochtaí i 2009 go 194 (mar a bhí ag 31 Nollaig). Astu seo bhí 12 acu éigeantach. Níl aon fhianaise ann go nuige seo le tabhairt le tuiscint nach mbeidh údaráis fostaíochta ábalta deonaigh a aimsiú faoi choinne iomarcaíochta sna blianta amach romhainn.

Cuireadh an argóint chun tosaigh go dtiocfadh leis na dréacht-rialacháin é a dhéanamh níos doilí do mhúinteoirí nua-cháilithe obair a fháil. Má chuimhnítear go raibh líon na múinteoirí a chuaigh ar scor roimh am ar mhaithe le comhlíonadh éifeachtach fheidhm an fhostóra go measartha beag le blianta beaga anuas (féach Iarscríbhinn 5), is cosúil go bhfuil an argóint seo bunaithe ar an bhonn tuisceana go bhfuil líon na scor roimh am in aon bhliain cinntithe ag an leibhéal cúitimh atá ar fáil in ionad ag líon na bpost iomarcach. Luaigh Coiste Cuntas Poiblí Westminster[4] nach raibh sé inchosanta deolchairí a íoc le múinteoirí is sine le cinntiú go bhfaigheadh múinteoirí is óige fostaíocht. Ba chóir go soláthródh scoir bhliantúla mar gheall ar aois agus tinneas, chomh maith le leibhéal inbhuanaithe scor roimh am, go leor deiseanna leis an lucht saothair teagaisc a athnuachan.

[4] Committee of Public Accounts, 17th Report, Session 1992-93, HC 84.

Bheadh íocaíochtaí téarfa méadaithe ar fáil fosta faoi rogha na bhfostóirí do mhúinteoirí nach bhfuil i dteideal íocaíocht láithreach a bpinsin. Tionchar dearfach atá ann seo.

Éilíonn an dlí um leithcheal aoise ar fhostóirí cinntiú nach mbíonn tionchar ag aois duine ar chinntí a dhéantar maidir le hiomarcaíocht mura mbíonn fáth inchosanta ann go gcuirfí an aois san áireamh. Soláthraíonn na Rialacháin um Chomhionannas Fostaíochta (Aois) (TÉ) 2006 eisceachtaí d'údarás reachtúil agus do sholáthar sochar méadaithe iomarcaíochta. Soláthraíonn an chéad cheann nach mbeidh sé neamhdhleathach leithcheal a dhéanamh ar fhoras aoise nuair a rinneadh é seo le ceanglas aon fhoráil reachtúil a chomhlíonadh. Ceadaíonn an dara ceann d'fhostóir íocaíochtaí iomarcaíochta níos flaithiúla a dhéanamh ná a dhéanfaí faoin scéim reachtúil agus ceann de na modhanna atá sainithe sna Rialacháin Aoise a úsáid agus bunaithe ar an scéim reachtúil iomarcaíochta méid na híocaíochta iomarcaíochta a ríomh. Léiríonn an dá eisceacht go bhfuil íocaíochtaí mar seo dleathach, cé go ríomhtar íocaíochtaí iomarcaíochta reachtúla ag úsáid critéar a bhaineann le haois.

Beidh an dualgas ar údaráis fostaíochta mar sin iad féin a shásamh go dtig leo aon difríocht in íocaíochtaí cúitimh le daoine d'aoiseanna éagsúla a bhfuil deireadh á chur lena gcuid fostaíochta go luath a dhlisteanú go hoibiachtúil.

Reiligiún

Faoi láthair is iad údaráis fostaíochta de ghnáth a bhailíonn an cineál seo eolais le linn gníomhaíocht earcaíochta de réir ceanglas reachtúil monatóireachta. Ní chomhordaítear an t-eolas seo de ghnáth agus ní raibh muid ábalta aon fhoinse amháin eolais ar an lucht saothair a shainaithint i dtaca leis an bheart seo de. Ní thugtar le tuiscint áfach, go mbeidh tionchar rómhór ag an pholasaí seo ar bhonn reiligiúin. Ba chóir go gcuirfeadh an t-aistriú chuig údarás fostaíochta amháin an deis ar fáil an t-eolas seo a chomhordú ó fhoinse amháin amach anseo.

Tuairim Pholaitiúil

Ní bhailíonn údaráis fostaíochta an t-eolas seo. Níl aon fhianaise ann go mbeidh tionchar rómhór ag an pholasaí seo ar bhaill den ghrúpa seo.

Stádas Pósta

Faoi láthair is iad údaráis fostaíochta de ghnáth a bhailíonn an cineál seo eolais le linn gníomhaíocht earcaíochta de réir ceanglas reachtúil monatóireachta. Ní chomhordaítear an t-eolas seo de ghnáth agus ní raibh muid ábalta aon fhoinse amháin eolais ar an lucht saothair a shainaithint i dtaca leis an bheart seo de. Ní thugtar le tuiscint áfach, go mbeidh tionchar rómhór ag an pholasaí seo ar bhonn stádas pósta. Ba chóir go gcuirfeadh an t-aistriú chuig údarás fostaíochta amháin an deis ar fáil an t-eolas seo a chomhordú ó fhoinse amháin amach anseo.

Stádas Cleithiúnach

Ní bhailíonn údaráis fostaíochta an t-eolas seo. Thiocfadh leis an pholasaí seo dul i bhfeidhm ar mhúinteoirí le cleithiúnaigh ó tharla go dtéann sé i bhfeidhm ar mhúinteoirí i ngrúpaí aoise éagsúla (féach “Aois” thuas). Tá sé dearbhaithe gur dócha go mbeidh múinteoirí le cleithiúnaigh san aoisghrúpa faoi-50 agus mar sin de níos leochailí do thionchair airgeadais na hiomarcaíochta. Thug freagairtí ar an chomhairliúchán le tuiscint go méadóidh líon na múinteoirí a bhfuil iomarcaíocht éigeantach rompu má bhíonn laghdú i líon na múinteoirí is sine a iarrann iomarcaíocht aistrithe go deonach. Níor chosúil gur thug sé seo san áireamh áfach, gur dócha go mbeidh páistí cleithiúnacha ag múinteoirí is sine fosta agus/nó freagrachtaí cúraim eile.

Níl sé soiléir go fóill cad é mar a rachaidh an cúiteamh a thairgfear sna blianta amach romhainn i bhfeidhm ar líon agus ar phróifíl na ndaoine a ghlacfaidh le hiomarcaíocht go deonach.

Míchumas

Faoi láthair is iad údaráis fostaíochta de ghnáth a bhailíonn an cineál seo eolais le linn gníomhaíocht earcaíochta de réir ceanglas reachtúil monatóireachta. Ní chomhordaítear an t-eolas seo de ghnáth agus ní raibh muid ábalta aon fhoinse amháin eolais ar an lucht saothair a shainaithint i dtaca leis an bheart seo de. Ba chóir go gcuirfeadh an t-aistriú chuig údarás fostaíochta amháin an deis ar fáil an t-eolas seo a chomhordú ó fhoinse amháin amach anseo.

Fuair Suirbhé Sláinte agus Folláine[5] a choimisiúnaigh an Taobh Bainistíochta de Choiste Idirbheartaíochta na Múinteoirí (the Management Side of the Teacher Negotiating Committee) i 2001 amach gur thuairiscigh roinnt bheag (5.3%) múinteoirí gur mheas siad go raibh siad faoi mhíchumas. (Sainmhíníodh míchumas mar aon lagú fisiciúil nó intinne, a bhfuil tionchar diúltach substaintiúil agus fadtéarmach (a mhaireann nó a mheastar a mhairfidh 12 mí nó níos mó) aige ar an chumas gnáth-ghníomhartha laethúla a dhéanamh.) Ní thugtar le tuiscint áfach, go mbeidh tionchar rómhór ag an pholasaí seo ar bhonn míchumais. Ní dhímholfaidh an polasaí/cinneadh daoine le míchumais ar dhóigh ar bith as páirt a ghlacadh sa saol poiblí nó ní theipfidh air dearcaí dearfacha a chur chun cinn maidir le daoine atá faoi mhíchumas.

Níl deis níos fearr ann dearcaí dearfacha a chur chun cinn maidir le daoine atá faoi mhíchumas nó iad a spreagadh páirt a ghlacadh sa saol poiblí ná trí athruithe a dhéanamh ar an pholasaí/chinneadh nó trí bearta breise a thabhairt isteach.

Eitneachas

Faoi láthair is iad údaráis fostaíochta de ghnáth a bhailíonn an cineál seo eolais le linn gníomhaíocht earcaíochta de réir ceanglas reachtúil monatóireachta. Ní chomhordaítear an t-eolas seo de ghnáth agus ní raibh muid ábalta aon fhoinse amháin eolais ar an lucht saothair a shainaithint i dtaca leis an bheart seo de. Ní thugtar le tuiscint áfach, go mbeidh tionchar rómhór ag an pholasaí seo ar

[5] The NI Teachers' Health and Wellbeing Survey, Final Report – PricewaterhouseCoopers, Nollaig 2002: http://www.deni.gov.uk/teachers/h_safety/teachers_health_survey.pdf

bhonn eitneachais. Ba chóir go gcuirfeadh an t-aistriú chuig údarás fostaíochta amháin an deis ar fáil an t-eolas seo a chomhordú ó fhoinse amháin amach anseo.

Claonadh Gnéasach

Ní bhailíonn údaráis fostaíochta an t-eolas seo. Ní thugtar le tuiscint go mbeidh tionchar rómhór ag an pholasaí seo ar bhonn chlaonadh gnéasach.

5. AG AMHARC AR MHAOLÚ AGUS AR CHOMHROGHANNA

Tá an Roinn Oideachais go hiomlán tiomanta d'fheidhmiú na ndualgas atá á bhforchur ar údaráis phoiblí ag Alt 75 de agus Sceideal 9 don Acht um Thuaisceart Éireann 1998.

Is é tionchar na ndréacht-rialachán ná dliteanas as costas scor roimh am a aistriú ón NITPS chucu siúd atá freagrach as cinntí a dhéanamh ar scor roimh am. Is é measúnacht na Roinne go mbeidh dea-thionchar ag na dréacht-rialacháin mar nach gcuireann siad deireadh le haon sochar a bhíodh ar fáil roimhe agus cuirfidh siad rogha ar fáil d'fhostóirí fosta íocaíochtaí méadaithe téarfa a dhéanamh suas le huasmhéid pá 104 seachtaine is cuma faoin aois nó faoin fhad seirbhíse. Tá dea-thionchar ag an fhoráil seo trí mhéid an chúitimh lánroghnaigh ata ar fáil a síneadh amach le go mbeidh múinteoirí atá faoi 55 bliain d'aois a chur san áireamh.

Soláthraíonn na socruithe céimnithe scoir a tugadh isteach i 2007,[6] chomh maith leis an deis pinsean atá laghdaithe go hachtúireach a ghlacadh, breis solúbthachta do mhúinteoirí atá ag tarraingt ar dheireadh a ngairmeacha. Soláthraíonn an deis pinsean breise a cheannach suas le £5,000, a cuireadh i bhfeidhm mar chuid de leasuithe 2007 fosta, breis solúbthachta a dtig le fostóirí leas a bhaint as le múinteoirí a chúiteamh mar chomhrogha ar scor roimh am a thairiscint. Tá Coiste Comhairliúcháin Aoisliúntais na Múinteoirí ag amharc faoi láthair ar an tairbhe ionchasach a bheadh le Scéim Foirceanta (Winding Down Scheme) do mhúinteoirí a thabhairt isteach cosúil leis an cheann a chuireann Scéim Aoisliúntais na Múinteoirí na hAlban (the Scottish Teachers' Superannuation Scheme) ar fáil.

Ó am go ham thar na blianta, moladh gur chóir do na húdaráis fostaíochta linnte soláthair a chur ar bun, ina gcoinnítear múinteoirí iomarcacha i bhfostaíocht bhuan le freastal ar riachtanais múinteoirí ionaid. Bhain na húdaráis fostaíochta leas as linnte soláthair san am a chuaigh thart ach cuireadh deireadh leo seo i 1994, go bunúsach ar fhoras costais agus mar gur

[6] S.R. 2007 Uimh.137 The Teachers' Pensions srl. (Reform Amendments) Regulations (NI) 2007

raibh siad bunoscionn leis na prionsabail a bhain le Bainistíocht Áitiúil Scoileanna (Local Management of Schools). Is doiligh na cúinsí a fheiceáil, go háirithe sa timpeallacht eacnamaíoch reatha, inar féidir a mheas gur luach ar airgead a bheadh ann múinteoirí a choinneáil i bhfostaíocht lánaimseartha ar phá iomlán, cé acu atá obair ann dóibh nó nach bhfuil.

Ó thaobh na staire de, d'oibrigh an t-iliomad údarás fostaíochta in aghaidh ath-imlonnaithe idir limistéir ELB nó trasna cineálacha bainistíochta scoile. Mhol an Roinn go gníomhach do na húdaráis fostaíochta comhoibriú agus iad ag iarraidh deonaigh a aimsiú faoi choinne iomarcaíochta redundancy agus ath-imlonnú múinteoirí i bpoist iomarcacha mar is cuí. Ba chóir go n-éascódh teacht an Údaráis Oideachais agus Scileanna (The Education and Skills Authority) (ESA), mar an t-aon údarás fostaíochta, ath-imlonnú múinteoirí agus meaitseáil na ndeonach le poist iomarcacha; agus sa chomhthéacs seo, déanfaidh an Roinn, i gcomhpháirt le ESA, ath-iniúchadh ar an chás do linnte soláthair múinteoirí. Ag am an fhoilsithe, níl an staid buiséid don bhliain airgeadais 2010/11 críochnaithe go fóill. Cuirfidh an Roinn £6m ar a laghad ar fáil, áfach le cuidiú le húdaráis fostaíochta iomarcaíochtaí múinteoirí a bhainistiú i 2010. Airgead úr atá ann seo do scor roimh am agus is é seo an chéaduair a cuireadh maoiniú tiomnaithe ar fáil don fheidhm seo.

Beidh leasú de dhíth ar na dréacht-rialacháin amach anseo le cur ar bun ESA a léiriú mar an t-aon údarás fostaíochta agus le ESA a shainiú mar an t-Údarás Cúiteach (Compensating Authority) do gach scoil dheontaschúnta. Idir an dá linn, mar atá molta ag an Roinn Fostaíochta agus Foghlama ina freagairt ar an chomhairliúchán ar na dréach-rialacháin, saineofar an bord rialaithe ábhartha mar an t-Údarás Cúiteach do gach coláiste breisoideachais.

Moltar fosta na dréacht-rialacháin a leasú le níos mó solúbthachta a thabhairt d'údaráis chúiteacha le haon chostas cúitimh a bhfuil siad freagrach as a íoc trí rogha a sholáthar costais mar seo a íoc trí suas le cúig thráthchuid bhliantúla.

Dá leanfaí ar aghaidh gan na hathruithe reachtacha molta, tharlódh méadú suntasach suntasach i ráta caighdeánach ranníocaíochta Scéim Pinsean Múinteoirí TÉ. Bheadh tionchar gan iarraidh ag méadú i ráta ranníocaíochta an

fhostóra ar sheirbhísí túslíne agus laghdódh méadú i ráta ranníocaíochta an fhostaí pá glan na múinteoirí uile, agus d'fhéadfadh sé tionchar díréireach a bheith aige ar mhúinteoirí óga, is dócha a bheidh ar phointí íochtaracha an pháscála. (Tá níos mó ban go comhréireach ar an bhanda is óige fosta).

Tá freagracht ar gach fostóir cloí le reachtaíocht comhionannais agus iad ag déanamh cinntí le foireann a dhífhostú. Caithfidh na húdaráis fostaíochta polasaí ar iomarcaíocht agus ar scor roimh am a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus a bheith siad sásta go gcomhlíonann a gcuid polasaithe reachtaíocht comhionannais.

Ní mheasann an Roinn go mbeidh tionchar leithcheala nó aon tionchar diúltach ag na dréacht-rialacháin, ag cur comhshuíomh reatha gairm na múinteoireachta i gcuntas. Baileofear sonraí faoin tionchar atá ag na rialacháin ar pholasaithe fostóirí ar bhonn bliantúil áfach, agus faoin dóigh a dtéann sé seo i bhfeidhm ar na grúpaí agus na foghrúpaí laistigh de na catagóirí comhionannais, chomh maith le líon na scor roimh am. Má thaispeánann an mhonatóireacht agus an anailís seo ar thorthaí thar thréimhse dhá bhliain tionchair níos díobhálaí ná a rabhthas ag dúil leis, nó má tharlaíonn deiseanna a cheadódh níos mó comhionannais deiseanna a chur chun cinn, déanfar athbhreithniú ar na rialacháin mar aon le polasaithe ábhartha na n-údarás fostaíochta le dearbhú an féidir fothorthaí níos fearr a bhaint amach do na grúpaí ábhartha comhionannais.

6. PROFÚ TUAITHE/RÉIGIÚNACH

Is é an aidhm atá leis an phrofú tuaithe/réigiúnach ná dearbhú an mbeidh tionchar difriúil ag na dréacht-rialacháin ar limistéir tuaithe ná a bheidh acu ar áiteanna eile.

Tá miondealú ar líon na scoileanna atá suite i limistéir Uirbeacha agus Tuaithe Rural de réir Bord Oideachais agus Leabharlann iniata ag Iarscríbhinn 4. Níl aon fhianaise ann le tabhairt le tuiscint go mbeidh tionchar diúltach ag na dréacht-rialacháin ar phobail tuaithe.

7. COMHAIRLIÚCHÁN FOIRMIÚIL

Coiste Comhairliúcháin Aoisliúntais na Múinteoirí

Is é Coiste Comhairliúcháin Aoisliúntais na Múinteoirí (TSCC) an fóram bunaithe do chomhairliúchán ar cheisteanna a bhaineann leis an NITPS. Cuimsíonn sé ionadaithe ó na cúig cheardchumann múinteoirí aitheanta, dhá cheardchumann a dhéanann ionadaíocht do léachtóir breisoideachais FE agus, ó 2007, ionadaithe na bhfostóirí ó earnálacha na scoileanna agus an bhreisoideachais. Cuireadh baill den Choiste ar an eolas den chéaduair i Mí Feabhra 2006 go raibh gá le gníomhú le costais mhéadaithe an PRCS a rialú. Bhí PRCS mar mhír ar chlár cruinnithe ag gach cruinniú den TSCC ó shin. Bhí cruinnithe i Mí an Mheithimh 2006, Mí na Nollag 2006, Mí an Mheithimh 2007, Mí na Samhna 2007, Mí an Mheithimh 2008, Mí na Samhna 2008, Mí na Bealtaine 2009, Mí an Mheithimh 2009 agus Mí na Samhna 2009.

Grúpa Athbhreithnithe PRCS

Cuireadh fo-ghrúpa de chuid an Choiste, an Grúpa Athbhreithnithe PRCS (the PRCS Review Group), ar bun le hamharc ar roghanna leis na costais a bhaineann leis an scéim cúitimh as scor roimh am a bhainistiú agus le moltaí a thabhairt chun cinn. Is é a shainchúram ná roghanna a thabhairt chun cinn leis na costais a bhaineann leis an scéim cúitimh as scor roimh am a bhainistiú.

Bhuail an Grúpa Oibre le chéile ar 26 Feabhra 2008, 7 Aibreán 2008, 25 Meitheamh 2008, 13 Samhain 2008, 5 Feabhra 2009 agus 27 Bealtaine 2009.

Cuimsíonn an Grúpa ionadaithe ón Roinn, fostóirí agus ceardchumainn mar seo a leanas:

6 ionadaí ón Roinn Oideachais (DE) (ina measc Cathaoir agus 1 ó ESAIT);
1 ionadaí ó DEL;
5 ionadaí fostóirí (4 ainmnithe ag Taobh Bainistíochta (Management Side) de chuid an TNC agus 1 ó ANIC); agus
7 n-ionadaí TUS: 1 ó gach ceann acu seo a leanas: ATL; INTO; NAHT; NASUWT; UTU; ACM & UCU.

Comhairliúchán Foirmiúil

D'eisigh na dréacht-rialacháin, chomh maith le Scagthástáil Chomhionannais na ndréacht-rialachán, faoi choinne chomhairliúchán foirmiúil ar 12 Márta 2009 do chomhlachtaí san earnáil oideachais, do gheallsealbhóirí eile, do chomhairlithe Alt 75 agus do pháirtithe leasmhara eile. Ina theannta sin, cuireadh ríomhphost chuig scoileanna agus fógraíodh an comhairliúchán ar the Belfast Telegraph, the Irish News, the Newsletter agus Foinse. Bhí an cháipéis ar fáil fosta trí láithreán gréasáin an DE. Dhruid an comhairliúchán ar 15 Bealtaine 2009. Leagtar achoimre de na buncheisteanna ó na freagairtí ar an chomhairliúchán amach ag Iarscríbhinn 2.

Measúnacht Tionchair Chomhionannais (MTC)

I ndiaidh breithniú ar na freagairtí ar an chomhairliúchán agus an Scagthástáil Chomhionannais, shocraigh an Roinn gur chóir MTC iomlán a dhéanamh. Lean an Comhairliúchán ar thionchair ionchais comhionannais na ndréacht-rialachán na treoirphrionsabail ar chomhairliúchán ón Choimisiún Comhionannais atá ina dTreoir Phraiticiúil ar Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais (Practical Guidance on Equality Impact Assessment).
Chuir an Roinn:

- in iúl do scoileanna, grúpaí leasa oideachais, grúpaí reiligiúnacha, grúpaí Alt 75, gach geallsealbhóir a bhí páirteach i réamhchomhairliúchán ar na dréacht-rialacháin agus aon duine den phobal a iarrann é ar an eolas maidir le hoscailt an chomhairliúcháin agus go mbeidh doiciméad comhairliúcháin an MTC ar fáil;

- cóip de na doiciméid chomhairliúcháin ar láithreán gréasáin an DE agus nasc leis an chomhairliúchán ar láithreán gréasáin an OFMDFM trí Nasc Polasaí (Policy Link), mar aon le foirm freagartha comhairliúcháin ar líne;

- na doiciméid chomhairliúcháin ar fáil i bhformáid chomhroghnach dóibh siúd a d'iarr é;

Bhíodh an comhairliúchán á chomhordú ag Brainse Idirbheartaíochta agus Polasaí Pinsean na Múinteoirí (Teacher Negotiating & Pensions Policy Branch) agus ba é 29 Eanáir 2010 an dáta deiridh.

8. CINNEADH ÓN ÚDARÁS POIBLÍ

Rinne an Roinn anailís ar na freagairtí ar an chomhairliúchán agus chuir sí cinneadh an MTC i gcuntas agus aon chinneadh deiridh á dhéanamh aici ar na dréacht-rialacháin.

Rinne an tAire athbhreithniú ar na dréacht-rialacháin i gcomhthéacs na bpríomhphointí a tógadh le linn an chomhairliúcháin, lena n-áirítear na conclúidí sa MTC deiridh, agus dhearbhaigh sí chuir chóir na rialacháin a dhréachtú, ag brath ar:

- fhoráil a chur isteach le solúbthacht a thabhairt d'údaráis chúiteacha íoc as costais chúitimh i suas le cúig thráthchuid;
  agus

- an chomhlacht rialaithe ábhartha a shainiú mar an t-údarás cúiteach do gach coláiste breisoideachais.

9. FOILSIÚ THORTHAÍ NA MEASÚNACHTA TIONCHAIR CHOMHIONANNAIS

Foilseofar torthaí Beidh an Roinn ag scríobh chucu siúd uile a ghlac páirt sa chomhairliúchán le cur in iúl dóibh gur foilsíodh an MTC deiridh ar láithreán gréasáin na Roinne agus cóip den MTC a thairiscint ina rogha formáide.

10. MONATÓIREACHT DO THIONCHAR DIÚLTACH SA TODHCHAÍ AGUS FOILSIÚ TORTHAÍ NA MONATÓIREACHTA SEO

Baileofar sonraí ar bhonn bliantúil maidir leis an tionchar atá ag na rialacháin ar pholasaithe na bhfostóirí agus an tionchar atá aige seo ar na grúpaí agus na fo-ghrúpaí ábhartha taoh istigh de na catagóirí comhionannais chomh maith le líon na scor roimh am. Má thaispeánann an mhonatóireacht agus an anailís seo ar thorthaí thar tréimhse dhá bhliain tionchar atá níos diúltaí ná a rabhthas ag dúil

leis, nó má thagann deiseanna chun tosaigh a cheadódh comhionannas deiseanna níos fearr a chur chun cinn, déanfar athbhreithniú ar na rialacháin mar aon le polasaithe ábhartha na n-údarás fostaíochta le dearbhú an féidir fothorthaí níos fearr a bhaint amach do na grúpaí comhionannais ábhartha.

Iarscríbhinn 1

SANAS TÉARMAÍ

ACM	Association of College Managers (Cumann na mBainisteoirí Coláiste)
ANIC	Association of NI Colleges (Cumann na gColáistí TÉ)
ATL	Association of Teachers agus Lecturers (Cumann na Múinteoirí agus na Léachtóirí)
DE	Department of Education (An Roinn Oideachais)
DEL	Department for Employment agus Learning (An Roinn Fostaíochta agus Foghlama)
BOL	Education agus Library Board (Bord Oideachais agus Leabharlann)
MTC	Equality Impact Assessment (Measúnacht Tionchair Chomhionannais)
ESA	Education agus Skills Authority (Údarás Oideachais agus Scileanna)
ESAIT	Education agus Skills Authority Implementation Team (An Fhoireann Feidhmithe an Údaráis Oideachais agus Scileanna)
FE	Further Education (Breisoideachas)
GAD	Government Actuary's Department (Roinn Achtúire an Rialtais)
GTC (NI)	General Teaching Council for NI (an Chomhairle Ghinearálta Teagaisc do TÉ)
INTO	Irish National Teachers' Organisation (Cumann Múinteoirí Éireann)
NAHT	National Association of Head Teachers (Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí)
NASUWT	National Association of Schoolmasters/Union of Women Teachers (Cumann Náisiúnta na Máistrí Scoile/Aontas na mBanmhúinteoirí)
NIAO	NI Audit Office (Oifig Iniúchóireachta
NITPS	NI Teachers' Pension Scheme (Scéim Pinsean Múinteoirí TÉ)
OFMDFM	Office of First Minister agus Deputy First Minister (Oifig an Chéad-Aire agus an leasChéad-Aire)
PAC	Committee of Public Accounts (Westminster) (Coiste Cuntas Poiblí)

PRCS	Premature Retirement Compensation Scheme (Scéim Cúitimh as Scor Roimh Am)
RPA	Review of Public Administration (Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí)
TNC	Teacher Negotiating Committee (Coiste Idirbheartaíochta na Múinteoirí)
TSCC	Teachers' Superannuation Consultative Committee (Coiste Comhairliúcháin Aoisliúntais na Múinteoirí)
TUS	Trade Union Side (Taobh na gCeardchumann)
UCU	University agus College Union (Aontas na nOllscoileanna agus na gColáistí)
UTU	Ulster Teachers' Union (Aontas Múinteoirí Uladh)

Iarscríbhinn 2

Achoimre ar Fhreagairtí ar an Phróiseas Comhairliúcháin maidir le Dréacht-Rialacháin na Múinteoirí (Cúiteamh as Iomarcaíocht agus as Scor Roimh Am) Rialacháin (TÉ) 2009 agus leasuithe comhlántacha ar Rialacháin Aoisliúntais na Múinteoirí (TÉ) 1998

I ndiaidh cead a fháil ón Aire Oideachais, eisíodh na dréacht-rialacháin le haghaidh comhairliúchán foirmiúil ar 12 Márta 2009 do chomhlachtaí san earnáil oideachais, do gheallsealbhóirí eile, do dhaoine a ndeachthas i gcomhairle leo i dtaca le hAlt 75 agus do pháirtithe leasmhara eile. Chomh maith leis sin, seoladh ríomhphost chuig scoileanna agus fógraíodh an próiseas comhairliúcháin sna nuachtáin seo a leanas: Belfast Telegraph, The Irish News, News Letter agus Foinse. Bhí an cháipéis ar fáil trí láithreán Gréasáin na Roinne Oideachais fosta. Cuireadh deireadh leis an phróiseas comhairliúcháin ar an 15 Bealtaine 2009.

Tá achoimre le fáil thíos ar na príomh-shaincheisteanna ó na freagairtí a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin. Rinneadh anailís ar gach freagairt agus rinne an Roinn breithniú iomlán ar na saincheisteanna a ardaíodh.

Fuarthas freagairtí ó 77 eagraíocht/duine aonair sna catagóirí seo a leanas:

Príomhoide/Leas-phríomhoide	17
Múinteoir	41
Gobharnóir Scoile	1
Údaráis/Eagraíochtaí Fostaíochta	5
Ceardchumainn Mhúinteoirí	6
Comhairlí Áitiúla	2
Ranna Rialtais	2
Eile	3
Iomlán	77

Bhí na freagairtí diúltach den chuid is mó. I dtaca leis an cheist shonrach – **An bhfuil tú sásta go bhfuil gá don Roinn na rialacháin seo a dhéanamh?** Ba é 80.5% céatadán na n-eagraíochtaí a bhí ag easaontú go láidir; bhí 9.1% ag aontú agus bhí 10.4% ann nár aontaigh ná nár easaontaigh (féach briseadh síos na bhfigiúirí sa tábla thíos). Bhí Údaráis Fostaíochta sásta tacaíocht a thabhairt don mholadh gur chóir athruithe a dhéanamh ar na rialacháin. Bhí an t-ábhar imní a d'ardaigh ceardchumainn mhúinteoirí le linn an phróisis comhairliúcháin tríd an ghrúpa athbhreithnithe le fáil i bhformhór na bhfreagairtí ó mhúinteoirí. Cé gur aontaigh thar 10% de na freagróirí go raibh gá leis na rialacháin d'ardaigh na freagróirí uile beagnach (iad siúd a d'aontaigh go bhfuil gá leis na rialacháin san áireamh) saincheist amháin nó níos mó a bhaineann leis na téamaí seo a leanas:

- Cúrsaí Airgid
- Tionchar ar mhúinteoirí
- Saincheisteanna Oideachais
- Uainiú
- Comhionannas
- Cúrsaí Reachtaíochta
- Cúrsaí Comhairliúcháin
- Athfhostú múinteoirí atá ar scor.

Catagóir na Freagartha	TÁ	NÍL	Níl mé cinnte	Níor tugadh freagra
Príomhoide/Leas phríomhoide	0	15	2	0
Múinteoir	0	41	0	0
Gobharnóir Scoile	0	1	0	0
Fostóir	4	0	1	0
Ceardchumainn Mhúinteoirí	1	4	0	1
Comhairlí Áitiúla	0	0	0	2
Ranna Rialtais	1	0	0	1
Eile	1	1	0	1
Iomlán	7	62	3	5
%	9.1	80.5	3.9	6.5

Cúrsaí Airgid

Thug ceithre fhreagróir is fiche a dtuairimí ar chúrsaí airgid. Seo a leanas na príomhthéamaí a ardaíodh:

- Níor tugadh go leor airgid d'fhostóirí le ligean dóibh íoc as an chostas bhreise a bhaineann le dul ar scor roimh am, rud a chiallaíonn nach féidir le fostóirí a lucht oibre a bhainistiú go héifeachtach.

- Bunaithe ar an fhoirmle chomh-mhaoinithe, beidh níos lú maoinithe ann de bharr go bhfuil líon na ndaltaí ag titim, rud a chiallaíonn gur gá gearradh siar i líon na múinteoirí. Má táthar chun é sin a éascú trí luathscor deonach múinteoirí a spreagadh, ní mór go leor maoinithe a chur ar fáil lena chinntiú nach mbeidh gá le hiomarcaíocht éigeantach.

- Caithfear ciste teagmhais a chruthú le cibé deacrachtaí a réiteach má chruthaítear na hathruithe ar an dáta a mholtar.

- Easpa eolais maidir leis an mheicníocht mhaoinithe a úsáidfear.

- Is féidir airgead a shábháil trí mhúinteoirí atá fostaithe ar phointí níos airde ar an scála tuarastail a scaoileadh agus múinteoirí nuacháilithe a fhostú.

- Ba chóir an coigilteas cuí a dhéanamh trí choigilteas i gcúrsaí riaracháin i ranna rialtais.

- Ba chóir comparáid a dhéanamh idir na costais do shaoire bhreoiteachta i gcomparáid leis an choigilteas a mheastar a sholáthróidh na moltaí nua.

- Tá na múinteoirí atá ag fáil Liúntas Teagaisc sa scoil ina bhfuil siad faoi láthair i dteideal Liúntas Atheagrúcháin lena dtuarastal a choinneáil ag an leibhéal ag a bhfuil sé anois mura n-éiríonn leo post freagrachta a fháil sa scoil nua nó post freagrachta ag an leibhéal céanna. Ba chóir an costas breise sin a chur san áireamh.

- Tá seans níos mó ann go dtógfar cásanna sa chúirt oibreachais agus tá neart costais ag baint lena leithéid de chásanna a chosaint, am na bhfostóirí san áireamh.

Tionchar ar mhúinteoirí

Chuir aon fhreagróir is seachtó béim ar an tionchar a bheidh ag na rialacháin ar mhúinteoirí. Seo a leanas na príomhthéamaí a ardaíodh:

- Múinteoirí níos sine nach bhfuil ábalta dul ar scor, rud a mhéadaíonn leibhéil struis phearsanta; maítear go mbíonn múinteoirí "dóite amach" faoin am a bhfuil siad sna luath 50í.

- Ba chóir don Roinn Oideachais athbreithniú a dhéanamh ar phroifíl na gairme agus ar an tacaíocht a sholáthraítear do mhúinteoirí a fhéadfaidh a bheith ag fulaingt ó bheith "dóite amach" ach ab é sin.

- Ba chóir múinteoirí atá níos sine a spreagadh le dul ar scor le fostú múinteoirí atá níos óige a éascú.

- Beidh múinteoirí a ghlacann le luathscor deonach thíos leis ar bhonn airgid.

- Deiseanna le haghaidh ardú céime laghdaithe.
- Beidh sé níos deacra do Mhúinteoirí Nuacháilithe obair a fháil.

- Níor chóir laghduithe achtúireacha a chur i bhfeidhm i gcásanna iomarcaíochta ar nós riachtanais churaclaim, druidim nó cónascadh scoileanna.

Saincheisteanna Oideachais

Thug ceithre fhreagróir is tríocha tuairimí ar an tionchar ar chúrsaí oideachais. Seo a leanas na príomhthéamaí a ardaíodh:

- Má choinnítear baill foirne a bheadh sásta dul ar luathscor agus ligean do mhúinteoirí atá níos óige a gcuid oibre a dhéanamh; is dócha go mbeidh drochthionchar aige sin ar chaighdeán an oideachais a sholáthraítear laistigh de scoileanna.

- Tá ganntanas múinteoirí in Albain, i Sasana & sa Bhreatain Bheag fad is go bhfuil barrachas múinteoirí i dtuaisceart na hÉireann.

- Beidh na daltaí thíos leis de bharr go mb'fhéidir nach mbeidh múinteoirí atá níos sine ábalta riachtanais úra curaclaim a sheachadadh agus glacadh le hathruithe teicneolaíochta sna seomraí ranga.

- Cuirfidh na hathruithe bac ar Bhoird Ghobharnóirí agus ar Údaráis Fostaíochta iomarcaíochtaí deonacha a chinntiú leis na himpleachtaí a bhaineann le meanma foirne, rialúchán agus cúrsaí airgid i bhfógairt na nIomarcaíochtaí Éigeantacha.

- Baineann Pleanáil Cheantarbhunaithe leis na riachtanais oideachais a bheidh ag ceantar áirithe san am atá le teacht agus pleanáil le freastal ar na riachtanais sin. Is é an chuspóir lárnach atá ag Pleanáil Cheantarbhunaithe go leor áiteanna oideachais a chur ar fáil tríd an mheascán cheart d'áiseanna den mhéid cheart, sna suíomhanna cearta. Níl an sprioc sin á baint amach i láthair na huaire – tá toilleadh barrachais nach beag ann, tá scoileanna áirithe ag streachailt le líon na ndaltaí ar rolla ag titim, agus níl aon chomhphleanáil ann trasna na n-earnálacha éagsúla. Leis an bhunsprioc de Phleanáil Cheantarbhunaithe a bhaint amach, bunaithe ar an titim dhéimeagrafach agus laghdú ar líon na n-áiteanna reatha breise, caithfear scoileanna a dhúnadh, a chuíchóiriú agus a chónascadh. Ciallóidh sé sin go mbeidh níos lú post múinteoireachta de dhíth agus beidh laghdú i líon na múinteoirí dá bharr. Gan Scéim Cúitimh na Múinteoirí maidir le Scor Roimh Am a bheith ann, beidh sé sin thar a bheith deacair do na comhlachtaí cuí a bhaint amach.

- Tá tuairiscí ag teacht ó scoileanna ar bhonn rialta i dtaca leis na buntáistí don phróiseas foghlama má úsáidtear múinteoirí atá níos óige go háirithe i réimse scileanna ICT agus úsáid na scileanna sin sa seomra ranga.

- Thiocfadh laghdú ar líon na n-áiteanna do mhúinteoirí faoi oiliúint de bharr nach mbeadh oiread múinteoirí nua de dhíth. Caithfimid a bheith cúramach lena chinntiú go gcoinníonn áiseanna oiliúna múinteoirí an toilleadh le freastal ar níos mó éilimh sa todhchaí agus nach mbíonn ganntanas múinteoirí i dtuaisceart na hÉireann, mar atá an scéal faoi láthair i Sasana & sa Bhreatain Bheag.

- Caithfear comhoibriú na foirne a chinntiú sna scoileanna atá le druidim/cónascadh lena chinntiú go dtarlóidh an druidim/cónascadh beartaithe gan stró agus le meanma agus tacaíocht na gCeardchumann a choinneáil. Is léir ón taithí go mbíonn tionchar thar a bheith diúltach ag iomarcaíochtaí éigeantacha ar an lucht oibre agus scriosann siad dea-chaidrimh tionsclaíochta sna scoileanna.

Uainiú

Thug dhá fhreagróir is fiche tuairimí ar uainiú na n-athruithe. Seo a leanas na príomhthéamaí a ardaíodh:

- Ba chóir na hathruithe a chur siar go dtí deireadh phróiseas cuíchóirithe na scoileanna.

- Ba chóir moill a chur ar na hathruithe seo go dtí go mbunófar ESA.

- Tá na hathruithe á ndéanamh róghasta; ba chóir na hathruithe a dhéanamh de réir a chéile nó moill a chur orthu.

- Tá easpa soiléireachta ann dóibh siúd a bheidh thíos le hiomarcaíocht. Ba chóir moill a chur ar na moltaí agus/nó iad a thabhairt isteach de réir a chéile.

- Chuir roinnt príomhoidí agus múinteoirí a scor ar athlá le fanacht i scoileanna ar cuireadh a druidim ar ceal ar feadh bliana agus dá bharr sin chaill siad amach ar an seans rochtain a fháil ar a bpinsean.

- Tá na hathruithe á dtabhairt isteach róghasta agus rachaidh siad i bhfeidhm ar na Coláistí Oiliúna Múinteoirí.

Cúrsaí Reachtaíochta

Thug aon fhreagróir déag tuairimí ar a bhfuil ann sa reachtaíocht. Seo a leanas na príomhthéamaí a ardaíodh:

- Ba chóir Coláistí Breisoideachais a shainiú mar Údaráis Chinniúna agus Chúiteacha.

- Níor chóir aon rogha a bheith i gCuid 2.

- Níl aon sainmhíniú sonrach ar an fhostóir.

- Ba chóir na rialacháin a leasú le ligean do líon múinteoirí a chruthú le tacú le scoileanna, rud a chinnteoidh nach mbeidh aon iomarcaíochtaí éigeantacha ann.

- Níl sé soiléir ó Chuid 4 de na rialacháin atá molta an mbaineann an cúiteamh éigeantach seo le scor roimh am ar bhonn scaoileadh éifeachtacht fheidhm an fhostóra agus ní i gcás go ligeann fostóir do mhúinteoir éirí as go luath ach le buntáistí achtúireachta laghdaithe.

- Ní shonraítear mionleibhéal an leasa.

- Níl aon sainmhíniú ar an téarma “suas go dtí uasmhéid”.

- Ba chóir scéim íoschéimnithe a chur le chéile do Phríomhoidí le caitheamh go cothrom leo.

- Ba chóir go mbeadh an modh trína gcinntítear toradh barúlach infheistíochta a bheith faoi réir iniúchadh oscailte agus trédhearcach ag an chomhlacht aitheanta caibidlíochta.

Saincheisteanna Comhionannais

Thug aon fhreagróir is fiche tuairimí ar shaincheisteanna comhionannais de thairbhe na n-athruithe. D'iarr cúig fhreagróir déag go ndéanfaí MTC iomlán agus thug 4 acu sin fáthanna mionsonraithe. Seo a leanas na príomhthéamaí a ardaíodh:

- Tá socruithe nua leatromach in éadan múinteoirí atá os cionn 50 anois, a mbeidh orthu oibriú níos faide anois agus a bheas thíos leis ó thaobh cúrsaí sláinte dá bharr.

- De réir mar a fhanann múinteoirí atá níos sine ag obair i scoileanna, beidh sé níos deacra do mhúinteoirí nuacháilithe obair a fháil. Tá seans níos mó ann go mbeidh ar mhúinteoirí atá níos óige glacadh le hiomarcaíocht éigeantach.

- Beidh tionchar ann i dtéarmaí inscne de siocair an ardchoibhneas banmhúinteoirí, go háirithe sna réimsí aoise atá níos ísle.

- Rachaidh sé i bhfeidhm ar chleithiúnaithe na múinteoirí a ghlacann pinsin atá laghdaithe go hachtúireach.

Ardaíodh roinnt ábhar imní eile. I ndáiríre, is ábhair imní iad faoi chothroime/chothromas seachas comhionannas i dtéarmaí ghrúpaí Alt 75:

- D'fhéadfadh na rialacháin dul i bhfeidhm níos mó ar mhúinteoirí atá ag obair san earnáil iar-bhunscolaíochta seachas iad siúd in earnáil na scoileanna gramadaí.

- Iomarcaíochtaí éigeantacha an toradh a bheidh ar na hathruithe seo.

- Is iad na socruithe d'iomarcaíocht mhúinteoirí na cinn is lú tarraingt de chuid aon ghrúpa d'oibrithe de chuid na hearnála poiblí i dtuaisceart na hÉireann. Tugadh le fios go bhfuil na scoruithe iomarcaíochta cosúil le téarmaí téarfa atá ar fáil do bhaill foirne i scoileanna nach múinteoirí iad agus an grúpa a bhfuil RPA ag dul i bhfeidhm orthu.

- D'fhéadfadh cóireáil éagothrom tarlú de bharr go bhfuil gné lánroghnach ann sa chúiteamh.

Cúrsaí Comhairliúcháin

Thug cúig fhreagróir déag tuairimí ar chúrsaí comhairliúcháin. Seo a leanas na príomhthéamaí a ardaíodh:

- Ní dhearnadh aon iarracht dul i gcomhairle le daoine mar is ceart.

- Bhí an tréimhse chomhairliúcháin róghairid.

- Ba chóir na hathruithe a phlé agus a aontú le ceardchumainn aitheanta na múinteoirí.

Athfhostú múinteoirí atá ar scor.

Dúirt triúr freagróirí:

- Nár chóir múinteoirí atá ar scor bheith athfhostaithe mar mhúinteoirí ionaid.

Tagairtí na Roinne agus athruithe atá beartaithe mar fhreagairt ar cheisteanna a thógtar sa chomhairliúchán **Iarscríbhinn 3**

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	**Tagairt**	**Athruithe atá Beartaithe**
(1) Níor cuireadh go leor maoinithe ar fáil d'fhostóirí le húsáid éifeachtach a bhaint as na socruithe scor	Ag am an fhoilsithe, níl an staid buiséid don bhliain airgeadais 2010/11 críochnaithe go fóill. Cuirfidh an Roinn £6m ar a laghad ar	Tá sé beartaithe go leasófar na dréacht-rialacháin le níos mó solúbthachta a thabhairt d'údaráis

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
roimh am.	fáil, áfach le cuidiú le húdaráis fhostaithe iomarcaíochtaí múinteoirí a bhainistiú i 2010. Is do scor roimh am atá an t-airgead nua seo agus is é seo an chéaduair a cuireadh maoiniú tiomnaithe ar fáil ar mhaithe leis an chuspóir seo. Tá na hargóintí a bhaineann le ganntanas maoinithe ag brath ar an toimhde nach mbeidh fostóirí ábalta go leor deonacha a aimsiú le hiomarcaíochtaí éigeantacha a sheachaint. Léiríonn fianaise ó na scéimeanna eile múinteoirí, a d'aistrigh go dtí muirear crua a ghearradh sna 1990í, cé go raibh leagan isteach i líon na ndeonacha i dtús báire, mhéadaigh líonta na ndeonacha nuair a leasaigh ionchais na múinteoirí go dtí an leibhéal cúitimh a bhí á thairiscint ag údaráis fostaíochta.	chúiteacha agus iad ag comhlíonadh aon chostas cúitimh ag a bhfuil siad faoi dhliteanas trí rogha a sholáthar costais mar sin a íoc trí suas le cúig thráthchuid bhliantúla.
(2) Ba chóir coigilteas i réimsí eile a úsáid le ligean don PRCS leanúint ar aghaidh gan athrú, m.sh. coigilteas ó chostais riaracháin i ranna rialtais; coigilteas ionchasach a d'fhéadfaí a dhéanamh ó mhúinteoirí a scaoileadh saor ag barr an scála pá agus múinteoirí nuacháilithe a fhostú; agus coigilteas mar gheall ar nach bhfuil orthu costais bhreise ionchasacha a chomhlíonadh, lena n-áirítear costais dlí, a d'fhéadfadh éirí as méadú in	Tá an argóint seo bunaithe ar mhíthuiscint gur féidir coigilteas riaracháin a athdháiriú le dliteanais leanúnacha na Scéime Pinsean Múinteoirí. Níl sé seo fíor. Go bunúsach, feidhmíonn gach scéim pinsean ar an bhonn gur chóir gur leor ranníocaíochtaí a íocann baill agus a bhfostóirí le costas tairbhí todhchaíocha a chlúdach. Nuair a íoctar pinsin go luath nó le blianta breise áfach, bíonn costais bhreise shuntasacha i gceist a chuireann isteach ar an chothromaíocht. Le blianta beaga anuas tá dliteanais na Scéime Pinsean Múinteoirí ag méadú faoi suas le £60m in aghaidh na bliana mar gheall ar Chúiteamh Scor Roimh	Athrú ar bith

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
iomarcaíochtaí éigeantacha.	Am. Tá a leithéid de shuíomh neamh-inbhuanaithe agus agus tá gníomhú láithreach de dhíth air le costais scor roimh am a smachtú. Dá leanfaí ar aghaidh gan gníomhú chiallódh sé go mbeadh méadú suntasach i ráta caighdeánach ranníocaíochta na Scéime Pinsean Múinteoirí TE. Bheadh tionchar gan iarraidh ag méadú i ráta ranníocaíochta an fhostóra ar sheirbhísí túslíne, agus laghdódh méadú i ráta ranníocaíochta an fhostaí pá glan gach múinteora. Chomh maith leis seo, i réimsí eile fostaíochta, déantar iomarcaíochtaí de ghnáth le líon na bpost a laghdú, ní le fostaithe níos costasaí a athsholáthar. Baintear é seo amach de ghnáth trí dheachmaíocht nádúrtha. Ní spreagann an córas atá ann faoi láthair fostóirí bheith á n-iompar féin go críonna. Mar shampla, ba é an nós (roimh 1 Aibreán 2008) d'fhostóirí an feabhsú uasta a íoc i ngach cás. Cháin an PAC cáinteach flaithiúlacht na scéime agus minicíocht mhéadaitheach a úsáide. Is ceart go mbeadh orthu siúd a dhéanann cinntí scor roimh am a cheadú a bheith freagrach as aon chaiteachas breise nár chlúdaigh ranníocaíochtaí leis an scéim pinsean. Is faoin fhostóir a bheidh na cúinsí faoina ndeonófar scor roimh am nó faoina ndéanfar íocaíochtaí téarfa agus	

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
	leibhéal íocaíochtaí mar sin. Tá dualgas ar údaráis fostaíochta iad féin, an Roinn agus sa deireadh thiar thall an díoltóir cánach a shásamh go bhfuil luach ar airgead á aimsiú acu in úsáid cistí poiblí. Aontaíonn an Roinn, nuair a chuirtear na costais san áireamh a bhaineann leis an chinneadh iomarcaíocht a dhéanamh, gur chóir d'fhostóirí cuimhneamh ar an choigilteas ionchasach i gcostais tuarastail chomh maith le haon chostas ionchasach dlí nó eile a d'fhéadfadh teacht aníos dá dtarlódh iomarcaíocht éigeantach.	
(3) Ní bheidh múinteoirí níos sine ábalta scor, rud a chruthóidh méadú i leibhéil phearsanta struis agus fadhbanna eile a bhaineann le sláinte; deirtear go mbíonn múinteoirí "dóite amach" faoin am a mbaineann siad na 50í luatha amach.	Is ar fhostóirí na múinteoirí sa deireadh thiar thall atá freagracht as sláinte agus leas na múinteoirí. Admhaíonn an Roinn go hiomlán an tábhacht atá le scoileanna sláintiúla – do dhaltaí, mhúinteoirí agus fhoireann tacaíochta – agus tá sí feasach ar na ceisteanna sláinte agus leasa a mbíonn ar mhúinteoirí plé leo inniu agus an tábhacht atá le dul i ngleic leo má táimid le líon saothair tiomanta, spreagtha agus folláin a choinneáil. Trí Choiste Idirbheartaíochta na Múinteoirí, tá an Roinn, údaráis fostaíochta agus ceardchumainn na múinteoirí ag forbairt straitéise faoi láthair le sláinte agus leas múinteoirí a chur chun cinn. Mar chuid den Athbhreithniú reatha ar Oiliúint Mhúinteoirí (TER), coimisiúnaíodh an Chomhairle Ghinearálta Teagaisc do Thuaisceart Éireann (GTCNI) le moltaí a	Tá Coiste Comhairliúcháin Aoisliúntais na Múinteoirí ag amharc faoi láthair ar ar an tairbhe ionchasach a bheadh le Scéim Foirceanta (Winding Down Scheme) do mhúinteoirí a thabhairt isteach cosúil leis an cheann a chuireann Scéim Aoisliúntais na Múinteoirí na hAlban (the Scottish Teachers' Superannuation Scheme) ar fáil.

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
	chur isteach chuig an Roinn maidir le, i measc rudaí eile, Forbairt Phroifisiúnta Leanúnach (CPD). Shainaithin taighde a choimisiúnaigh an Roinn Páistí, Scoileanna agus Teaghlach (DCSF) gur tionchar dearfach seasta ar mhúinteoirí é CPD trasna gach céim den tsaol proifisiúnta. Dhírigh moltaí an GTCNI ar Chreatlach Forbartha Proifisiúnta nua a bhunú mar aon le clocha míle proifisiúnta (Múinteoir Cairte agus Múinteoir Ardchairte) sa dóigh is go ndéanfaí múinteoirí a athbheochan ina ngairm mheánach/dhéanach trí CPD ábhartha struchtúrtha a sholáthar. Gné thábhachtach de chuid an TER atá i CPD múinteoirí agus, mar sin, cuimsíonn an dréacht-chreatcháipéis polasaí tograí atá bunaithe ar mholtaí an GTCNI. Creideann an Roinn gurb é seo an comhthéacs cuí le dul i ngleic le ceisteanna faoi spreagadh, éifeachtacht agus tiomantas múinteoirí níos sine a chothú. Má úsáidtear scéim chostasach scor roimh am le dul i ngleic le ceisteanna mar thnáitheadh múinteoirí ní dhéantar ach bunfhadhb a chumhdach agus ní hionann é agus fuascailt dhlisteanach.	
(4) Beidh siad siúd a ghlacann le scor deonach roimh am faoi mhíbhuntáiste airgeadais; fanfaidh múinteoirí níos sine fostaithe níos faide rud a rachaidh i bhfeidhm ar dheiseanna ardú céime dóibh siúd atá	Ní úsáid inchosanta de chistí finideacha poiblí é pacáistí costasacha do scor roimh am a sholáthar do mhúinteoirí níos sine, a dtéann go leor acu sa tóir ar athfhostaíocht mar mhúinteoirí ionaid agus a aimsíonn an fhostaíocht seo, le cinntiú go bhfaighidh múinteoirí níos óige	Athrú ar bith.

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
fostaithe agus a chruthóidh deacrachtaí do mhúinteoirí nuacháilithe agus iad ag iarraidh fostaíocht a aimsiú.	fostaíocht. Dá leanfaí ar aghaidh gan na hathruithe reachtaíochta molta bheadh méadú suntasach i ráta caighdeánach ranníocaíochta Scéim Pinsean Múinteoirí TÉ. Bheadh tionchar ar sheirbhísí túslíne ag méadú i ráta ranníocaíochta an fhostóra, agus laghdódh méadú i ráta ranníocaíochta an fhostaí pá glan gach múinteora, agus d'fhéadfadh sé tionchar díréireach a imirt ar mhúinteoirí níos óige, ar dócha go mbeidh siad ar na pointí is ísle den scála pá. (Go coibhneasach tá níos mó ban sna haoisbhandaí níos ísle fosta). I Mí na Nollag 2002 d'fhoiligh an Rialtas Páipéar Glas ar a dtugtar Simplíocht, Slándáil agus Rogha: Ag obair agus ag sábháil faoi choinne scoir. (Simplicity, Security and Choice: Working and saving for retirement.) Bhí tograí agus moltaí sa Pháipéar Ghlas le daoine a spreagadh le bheith ag obair níos faide agus níos mó a shábháil faoi choinne scoir. I Meitheamh 2003, in Ag obair agus ag sábháil faoi choinne scoir - gníomhaíocht ar phinsin ghairme, rinneadh moladh go ndéanfaí athbhreithniú ar gach scéim pinsean seirbhíse poiblí. Bhí an Rialtas den bharúil gur chóir go n-ardófaí ghnáthaois an phinsin, agus d'athraigh scéimeanna le fad saoil feabhsaithe agus patrúin oibre nua-aimseartha a léiriú. Thosaigh athbhreithniú ar na Scéimeanna Pinsean Múinteoirí uile (lena n-áirítear	

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
	NITPS) i Mí na Samhna 2003, agus aontaíodh ar phacáiste leasuithe idir an Rialtas, na ceardchumainn agus fostóirí le hinbhuanaitheacht airgeadais a chinntiú san fhadtéarma, agus le freastal ar riachtanais lín saothair atá ag éirí níos éagsúla, agus níos nua-aimseartha. Dá leanfaí ar aghaidh le PRCS neamh-mhaoinithe sa chomhthéacs seo rachadh sé in éadan an pholasaí bhunaithe do phinsin san earnáil phoiblí. Tá na socruithe faoina gcúitítear múinteoirí as scor roimh am, in ainm is a bheith ann le huirlis bhainistíochta a sholáthar a dtig le hÚdaráis Fostaíochta a úsáid le feabhsú cáilíochtúil a chur i bhfeidhm sa tsoláthar oideachais ina gcuid scoileanna. Ligeann siad d'fhostoirí múinteoirí iomarcaíochtaí a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs athraithe eagraíochtúla agus múinteoirí a ligean ar scor ar mhaithe le comhlíonadh éifeachtach feidhm an fhostóra. Ní bhronnann siad ceart chun luathscoir ar mhúinteoirí. Tugadh foráil ar leith isteach i 2007 a ligeann do mhúinteoir atá 55 bliain d'aois agus níos mó dul ar scor roimh ghnátham scoir agus tairbhí pinsin atá laghdaithe go hachtúireach a fháil.	
(5) Bunaíodh argóintí ar chor chun donais déimeagrafach, iaimh scoileanna, chuíchóiriú agus chónaisc; na tairbhí faoi choinne	Arís, tá dearbhuithe faoi iarmhairtí ionchasacha na ndréacht-rialachán ag brath ar an toimhde nach mbeidh fostóirí ábalta go leor deonach a aimsiú le	Athrú ar bith

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
foghlama a bhí le fáil ó dul i ngleic leis an chóhort níos óige múinteoirí; an tionchar ionchasach ar an ghá le hoiliúint mhúinteoirí; agus an difríocht sa tsamhail soláthair agus éilimh i dtuaisceart na hÉireann i gcomparáid le hAlbain, Sasana agus an Bhreatain Bheag.	hiomarcaíochtaí éigeantacha a sheachaint. Léiríonn fianaise ó na scéimeanna eile múinteoirí, a d'aistrigh go dtí muirear crua a ghearradh sna 1990í, cé go raibh leagan isteach i líon na ndeonacha i dtús báire, mhéadaigh líonta na ndeonacha nuair a leasaigh ionchais na múinteoirí go dtí an leibhéal cúitimh a bhí á thairiscint ag údaráis fostaíochta.	
(6) Ba chóir moill a chur ar na hathruithe nó iad a chéimniú chuig leibhéil éagsúla.	Ar dhóigh amháin tá glactha ag an Roinn le cur chuige céimnithe cheana féin sa chaoi is gur iarradh ar údaráis fostaíochta costas blianta breise a íoc ó 2008 agus fágadh na tairbhí a bhaineann le luathíocaíocht pinsin neamhlaghdaithe agus cnapshuime ar fáil idir an dá linn gan aon chostas láithreach ar na fostóirí. Tá fostóirí anseo ag baint leasa as scéim chúitimh um scor roimh am atá a bheag nó a mhór costasneodrach le corradh is deich mbliana níos faide ná a macasamhail in Albain agus i Sasana & sa Bhreatain Bheag. I 2005 mar chuid den obair a bhain le Tuarascáil Achtúire an Rialtais ar Scéim Aoisliúntais na Múinteoirí (TÉ) 2001, mhol Roinn Achtúire an Rialtais (GAD), leis an leibhéal reatha scor roimh am a choinneáil, go gcaithfeadh ráta ranníocaíochta na bhfostóirí a ardú faoi idir 7.5% agus 8%. Leis an Achtúire a shásamh maidir le hinmharthanacht leanúnach na scéime pinsin ina hiomlán, agus leis an ghá le méadú láithreach i rannaíocaíochtaí a sheachaint, rud a chuirfeadh	Athrú ar bith

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
	níos mó ná £60m le caiteachas bliantúil poiblí, d'iarr an Roinn ar GAD pleanáil a dhéanamh ar an bhonn tuisceana go mbeadh na húdaráis fostaíochta freagrach as na costais bhreise a bhaineann le scor roimh am ó 1 Aibreán 2007. Agus iad ag socrú an ráta rannaíocaíochta ó 1 Aibreán 2006 ghlac GAD leis mar sin go n-íocfadh fostóirí as an chostas iomlán a bhaineann le scor roimh am ó 1 Aibreán 2007, ag seachaint dóibh mar sin an ghá le méadú láithreach i rannaíocaíochtaí. Dá gcuirfí na hathruithe a bhí beartaithe d'Aibreán 2007 áfach, le bheith comhthráthach le bunú an Údaráis Oideachais agus Scileanna (ESA), a bhí sceidealaithe i dtús báire d'Aibreán 2008. Ó tharla nár tharla bunú ESA i 2008, níor tugadh gearradh muirear crua d'fheabhsuithe ("blianta breise") isteach ach mar bheart idirlinne. Lean an Scéim uirthi mar sin ag íoc as costas iomlán scoir roimh am i 2007 agus as costas luathíocaíochta pinsin i 2008 agus 2009. Meastar go mbeidh Tuarascáil Luachála 2008 críochnaithe ag GAD le linn 2010 agus caithfidh sí cuimhneamh ar dhliteanais bhreise a fabhraíodh i 2007, 2008 agus 2009 agus an ráta úr rannaíocaíochta á shocrú. Dá fhaide an mhoill a chuirtear ar na hathruithe atá beartaithe, is amhlaidh is mó an méadú i rátaí rannaíocaíochta a bheidh mar thoradh air.	
(7) Chruthaigh uainiú	Admhaíonn an Roinn an	Athrú ar bith

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
na dtograí fadhbanna d'fhostóirí agus do mhúinteoirí agus iad ag láimhseáil an phróisis iomarcaíochta le linn scoilbhliain 2008/09.	neamhchinnteacht a cruthaíodh d'fhostóirí agus do mhúinteoirí marr gheall ar go raibh ar an phróiseas iomarcaíochta i 2009 tarlú ar bhonn reachtaíochta réamhghafa. Tá dualgas ar an Roinn luach ar airgead a chinntiú in úsáid cistí poiblí áfach. Bhí fostóirí ar an eolas gur mhol DE athruithe ar PRCS ó 2006 agus mhol an Roinn dóibh i Mí na Nollag 2007 nuair a tugadh muirear crua isteach do bhlianta breise gur beart idir linne a bhí ann seo sula ndéanfaí comhairliúchán faoin athrú riachtanach reachtaíochta a bheadh de dhíth le muirear crua iomlán a thabhairt isteach.	
(8) D'iarr an Roinn Fostaíochta agus Foghlama (DEL) gur chóir go saineofaí Coláistí Breisoideachas mar Údaráis Cinniúna agus Cúiteacha.	Beidh leasú de dhíth ar na dréacht-rialacháin amach anseo le bunú ESA a léiriú, mar an t-aon údarás fostaíochta agus le ESA a shainiú mar an tÚdarás Cúiteach do gach scoil dheontaschúnta. Idir an dá linn, mar a mhol an Roinn Fostaíochta agus Foghlama ina freagairt ar an chomhairliúchán ar na dréacht-rialacháin, saoineofar an comhlacht rialaithe ábhartha mar an tÚdarás Cúiteach do gach coláiste breisoideachais.	Sainítear an comhlacht rialaithe ábhartha mar an tÚdarás Cúiteach do gach coláiste breisoideachais;
(9) Ba chóir na Rialacháin a leasú le go gcruthófaí linn múinteoirí le tacú le scoileanna mar sin de ag cinntiú nach mbeadh aon iomarcaíocht éigeantach ann.	Ó am go ham thar na blianta beartaíodh gur chóir do na húdaráis fostaíochta linnte soláthair a bhunú, ina gcoinnítear múinteoirí iomarcacha i bhfostaíocht bhuan le riachtanais múinteoireachta ionaid a chomhlíonadh. D'úsáid na húdaráis fostaíochta linnte soláthair san am a chuaigh	

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
	thart ach scoradh iad seo i 1994, mar gheall ar chúrsaí costais is mó agus mar gur reáchtáil siad in éadan phrionsabal Bhainistíocht Áitiúil Scoileanna. Is deacair cúinsí a shamhlú, go háirithe sa timpeallacht gheilleagrach reatha, ina n-amharcfaí ar mhúinteoirí a choinneáil i bhfostaíocht lán-aimseartha ar phá iomlán, is cuma má tá obair ann dóibh nó nach bhfuil, mar luach ar airgead. Go stairiúil, d'oibrigh an iolracht údarás fostaíochta in aghaidh ath-imlonnaithe idir limistéir ELB nó trasna chineálacha bainistíochta scoile. Spreag an Roinn na húdaráis fostaíochta go gníomhach le comhoibriú le deonacha a aimsiú faoi choinne iomarcaíochta agus ath-imlonnaithe múinteoirí i bpoist iomarcacha nuair is cuí. Ba chóir go n-éascódh teacht an Údaráis Oideachais agus Scileanna (ESA) mar an t-aon údarás fostaíochta ath-imlonnú múinteoirí agus meaitseáil deonacha le poist iomarcacha; agus sa chomhthéacs seo athscrúdóidh an Roinn, i gcomhpháirt leis an ESA, an cás faoi choinne linne soláthair múinteoirí. Ag am an fhoilsithe, níl an staid buiséid don bhliain airgeadais 2010/11 críochnaithe go fóill. Cuirfidh an Roinn £6m ar a laghad ar fáil, áfach le cuidiú le húdaráis fostaíochta iomarcaíochtaí múinteoirí a bhainistiú i 2010. Airgead úr atá ann seo faoi choinne scoir roimh am agus is é seo an chéaduair a cuireadh maoiniú	

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
	tiomnaithe ar fáil ar mhaithe leis an chuspóir seo.	
(10) Ba chóir discréid a thabhairt ar shiúl agus leibhéal íosta tairbhí a shonrú.	Ní ceart discréid a thabhairt ar shiúl nó leibhéal íosta tairbhí atá iníoctha a shonrú. D'fhéadfaí ualach airgeadais a chur ar fhostoirí mar gheall air seo nach mbeadh na hacmhainní acu íoc as b'fhéidir. Is ceart gur ceist pholasaí ó thaobh an fhostóra de na cúinsí faoina ndeonófar scor roimh am nó faoina ndéanfar íocaíochtaí téarfa agus leibhéal na n-íocaíochtaí seo. Tá freagracht ar gach fostóir agus iad ag déanamh cinntí foireann a bhriseadh as le cloí le reachtaíocht chomhionannais.	
(11) Níor saimhíníodh an téarma "suas le huasmhéid" agus an focal "fostóir" sna rialacháin.	Tá an Roinn sásta go bhfuil na sainmhínithe cuí uile sna rialacháin. Tá an téarma "suas le huasmhéid" féinmhínitheach. Níl aon fheidhm faoi leith ag an fhocal "fostóir" laistigh de na rialacháin agus ní gá é a shainmhíniú. Úsáideann (agus saimhíníonn) na rialacháin na téarmaí "comhlacht cuí", "údarás fostaíochta", "údarás cinniúna" agus "údarás cúiteach" le freagracht as cinnteoireacht agus dliteanas as costais a shannadh.	
(12) Ba choir scéim íoschéimneach a réadtiomnú do Phríomhoidí le caitheamh leo go cothrom.	Forálann Rialacháin Pinsean Múinteoirí srl (Leasuithe Athchóirithe) (TÉ) 2007 [Teachers' Pensions etc (Reform Amendments) Regulations (NI) 2007] do thuarastal inphinsin atá le háireamh ag úsáid meán na dtrí bliana is fearr as a chéile (méadaithe ar aon dul leis an innéacs praghsanna do thomhaltóirí) le deich mbliana anuas. Cuireann an fhoráil	

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
	seo cosaint ar fáil dóibh siúd atá ag iarraidh post le níos lú freagrachta a ghlacadh i dtreo dheireadh a gcuid gairmeacha. Tá Coiste Idirbheartaíochta na Múinteoirí ag plé na féidearthachta a bheadh le scéim foirceanta coiteann a bheadh á riar ag údaráis fostaíochta. Tá forálacha ann cheana féin do scor céimnithe laistigh de scéim na bpinsean agus tá Coiste Comhairliúcháin Aoisliúntais na Múinteoirí ag amharc faoi láthair ar an tairbhe ionchasach a bheadh le Scéim Foirceanta do mhúinteoirí cosúil leis an scéim atá curtha ar fáil ag Scéim Aoisliúntais Mhúinteoirí na hAlban.	
(13) Ba chóir go mbeadh an modh lena ndearbhófaí infheistiú barúlach faoi réir mionscrúdú oscailte agus trédhearcach ag an chomhlacht idirbheartaíochta aitheanta.	Leasú teicniúil atá ann seo le treoir an Státchiste a chomhlíonadh. Ní léir cad chuige a gcreidfeadh freagróirí gur chóir ceisteanna mar seo a bheith san áireamh i scóip na n-idirbheartaíochtaí le ceardchumainn na múinteoirí.	
(14) Ba chóir EQIA iomlán a dhéanamh mar go dtiocfadh le hiarmhairtí a bheith ann maidir le hinscne, aois agus/nó stádas spleách.	Glacadh leis.	Rinneadh EQIA iomlán, chríochnaigh an comhairliúchán ar an EQIA ar 29 Eanáir 2010.
(15) Tá líne chomhthreomhar tarraingthe leis na téarmaí téarfa atá ar fáil d'fhoireann neamh-mhúinteoireachta na scoile agus an ghrúpa lena mbaineann RPA.	Cuirfidh na rialacháin nua Scéim Pinsean na Múinteoirí ar aon dul le scéimeanna eile san earnáil phoiblí ina bhfuil fostóirí freagrach as íoc as costais bhreise scoir roimh am. Ní bhaineann na rialacháin nua aon cheann de na tairbhí a bhí ar fáil cheana féin ar shiúl agus tabharfaidh siad discréid d'fhostoirí fosta	

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
	íocaíochtaí téarfa feabhsaithe a dhéanamh le suas le huasmhéid 104 seachtain pá is cuma faoi aois nó faoi fhad seirbhíse. (Dóibh siúd atá thar an aois íosta scoir, is féidir é seo a úsáid mar chomhrogha ar Chúiteamh Scoir Roimh Am a dheonú.) Tugtar faoi deara go bhfuil difríocht shuntasach idir an líon saothair a bhainistiú thar an fhadtréimhse agus athbhreithniú mór aon uaire ar riarachán na hearnála poiblí a chur i bhfeidhm.	
(16) Beidh tionchar ionchasach níos mó ag na rialacháin ar mhúinteoirí atá ag obair in earnáil na meánscolaíochta ná orthu siúd san earnáil ghramadaí.	Ní léir ón dearbhú seo cén grúpa ó Alt 75 a bheadh faoi thionchar. Arís is cosúil go bhfuil an dearbhú ag brath ar an bhonn tuisceana faoi mhéadú in iomarcaíochtaí éigeantacha bheith ceart. Go bunúsach is é an cheist ná, faoi chóras roghnaithe acadúla, go bhfuil meánscoileanna níos leochailí ná scoileanna deonacha gramadaí maidir leis na tionchair atá le meath déimeagrafach ar uimhreacha rollaithe. Táthar ag plé leis an cheist seo faoi láthair trí pholasaithe eile.	
(17) Thiocfadh le cóireáil éagothrom bheith mar thoradh ar an ghné lánroghnach den chúiteamh.	Is faoin fhostóir a bheidh na cúinsí faoina ndeonófar scor roimh am nó faoina ndéanfar íocaíochtaí téarfa agus leibhéal íocaíochtaí mar sin. Beidh an dualgas i gcónaí ar na húdaráis fostaíochta iad féin a shásamh go dtig leo aon difríocht a dhlisteanú in íocaíochtaí cúiteacha do dhaoine a mbeifear ag cur deireadh lena gcuid fostaíochta. D'aontaigh na húdaráis	

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
	fostaíochta le gníomhú go seasta i 2009 le cúitimh scoir roimh am a íoc agus iad ag iarraidh iomarcaíochtaí éigeantacha a choinneáil chomh híseal agus a thig leo mar aon le leibhéal barrmhaith ath-imlonnaithe a chinntiú. Ba chóir go rachadh tabhairt isteach ESA mar fhostóir aonair i ngleic le haon cheist faoin chumas do chóireáil éagothrom.	
(18) Ní raibh aon iarracht ann páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán bríoch ar na hathruithe seo ar chóir go n-aontófaí iad le ceardchumainn na múinteoirí; agus bhí an tréimhse chomhairliúcháin róghairid.	Is é Coiste Comhairliúcháin Aoisliúntais na Múinteoirí an fóram bunaithe faoi choinne chomhairliúcháin ar cheisteanna a bhaineann le Scéim Pinsean na Múinteoirí. Cuimsíonn sé ionadaithe de chuid na gcúig cheardchumann múinteoirí aitheanta, dhá cheardchumann a dhéanann ionadaíocht do léachtóirí breisoideachais agus, ó 2007, ionadaithe fóstóirí ó na hearnálacha scoile agus breisoideachais. Cuireadh in iúl do bhaill den choiste i Mí Feabhra 2006 go raibh gníomhaíocht de dhíth le smacht a choinneáil ar chostais mhéadaitheacha an PRCS. Tá PRCS mar mhír den chlár gnó ag gach cruinniú den Choiste ó shin. Rinneadh comhairliúchán fosta le ceardchumainn mhúinteoirí agus údaráis fostaíochta tríd an Ghrúpa Oibre um Chúiteamh do Scor Roimh Am, ar foghrúpa de Choiste Comhairliúcháin Aoisliúntais na Múinteoirí é. Bhuail an Grúpa Oibre le chéile ar 26 Feabhra 2008, 7 Aibreán 2008, 25 Meitheamh 2008, 13 Samhain 2008, 5 Feabhra 2009 agus 27	

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
	Bealtaine 2009. Tugadh cuireadh do bhaill den ghrúpa ón tús comhroghanna ar mhuirear crua a chur chun tosaigh. Níor moladh aon cheann, ach amháin gur chóir na hathruithe atá beartaithe ag an Roinn a chéimniú isteach thar thréimhse níos faide.	
(19) Ba chóir múinteoirí a thoirmeasc go héifeachtach ó thuilleadh fostaíochta a lorg i ndiaidh scoir roimh am.	Mhol an Roinn d'fhostóirí arís agus arís eile nar chóir múinteoirí a athfhostú ach amháin le clúdach gearrthéarma a sholáthar mura mbíonn múinteoirí nua-cháilithe nó múinteoirí le taithí nach bhfuil ar scor ar fáil. Oibríonn rialacha Scéim Pinsean na Múinteoirí in éadan múinteoirí ar scor a fhostú, nó thiocfadh le múinteoirí mar sin laghdú sa phinsean a fhulaingt de dheasca tuillimh ó fhostaíocht mar mhúinteoir. Tá rialúcháin dhochta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar chásanna mar seo. Ó bhí 1999/2000 ann, caidhpeáladh leibhéal na haisíocaíochta larnaí ag boird oideachais agus leabharlainne de chostas clúdaigh ionaid ag pointe 4 den Phríomhscála. Tugann sé seo dreasacht do scoileanna múinteoirí nua-cháilithe a fhostú le clúdach ionaid a sholáthar i bhfabhar múinteoirí ar scor atá níos costasaí. Tá solúbthacht ag scoileanna áfach, cinneadh a dhéanamh múinteoir a fhostú ag costas níos airde a bhainfear de bhuiséad na	

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt	Athruithe atá Beartaithe
	scoile más mian leo é. Tá an Roinn ag scrúdú roghanna faoi láthair do bhreis srianta ar athfhostú mhúinteoirí a théann ar scor roimh am, ag cuimhneamh ar na ceisteanna ionchasacha dlí agus comhionannais a d'fheadfadh éirí ó aon bheart ionchasach nua.	

Iarscríbhinn 4

SONRAÍ ATÁ AR FÁIL AR NA MÚINTEOIRÍ ATÁ AG OBAIR I DTUAISCEART NA HÉIREANN

1. Líon na múinteoirí de réir aoise agus inscne, Márta 2008

Raon aoise	Baineann	%	Fireann	%	Iomlán	%
24 agus faoi sin	304	81.5	69	18.5	373	1.9
25 go 29	2064	79.5	531	20.5	2595	13.1
30 go 34	2534	78.6	689	21.4	3223	16.3
35 go 39	2558	77.2	756	22.8	3314	16.7
40 go 44	1899	74.1	664	25.9	2563	12.9
45 go 49	1681	70.3	711	29.7	2392	12.1
50 go 54	2198	71.2	891	28.8	3089	15.6
55 go 59	1248	65.6	655	34.4	1903	9.6
60 go 64	199	60.1	132	39.9	331	1.7
65 agus os a chionne sin	12	63.2	7	36.8	19	0.1
Iomlán	14697	74.2	5105	25.8	19802	100.0

Foinse: GTC (NI) Digest of Statistics 2008

2. Líon na múinteoirí de réir chineál bainistíochta na scoile agus inscne, Márta 2008

Inscne	Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil	Scoileanna Rialaithe Imeasctha	Scoileanna Rialaithe	Scoileanna Imeasctha faoi Chothabháil Stáit	Scoileanna eile faoi Chothabháil	Scoileanna Gramadaí Deonacha	Iomlán
Baineann	4,958	212	6,607	679	141	2,100	14,697
Fireann	1,705	65	1,834	232	43	1,226	5,105
Iomlán	6,663	277	8,441	911	184	3,326	19,802

Foinse: GTC (NI) Digest of Statistics 2008

3. Líon na múinteoirí de réir chineál bainistíochta scoile agus aois, Márta 2008

Raon aoise	Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil	Scoileanna Rialaithe Imeasctha	Scoileanna Rialaithe	Scoileanna Imeasctha faoi Chothabháil Stáit	Scoileanna eile faoi Chothabháil	Scoileanna Gramadaí Deonacha	Iomlán
24 & faoi sin	89	4	182	28	7	63	373
25 go 29	780	44	1,144	147	50	430	2,595
30 go 34	1,048	55	1,322	223	34	541	3,223
35 go 39	1,212	44	1,295	181	32	550	3,314
40 go 44	959	32	988	120	14	450	2,563
45 go 49	822	27	967	92	18	466	2,392
50 go 54	1,095	47	1,400	75	13	459	3,089
55 go 59	555	20	969	39	11	309	1,903
60 go 64	102	4	159	5	5	56	331
65 & os a choinnne sin	1		15	1		2	19
Iomlán	6,663	277	8,441	911	184	3,326	19,802

Foinse: GTC (NI) Digest of Statistics 2008

4. Múinteoirí faoi mhíchumas

Fuarthas amach i suirbhé Sláinte agus Folláine[1] arna chóimisiúnú ag Lucht Bainistíochta Choiste Caibidlíochta na Múinteoirí sa bhliain 2001 gur thug céatadán beag (5.3%) le fios gur mheas siad go raibh siad faoi mhíchumas. (Sainmhíniodh míchumas mar aon lagú fisiceach nó intinne, a bhfuil tionchar diúltach suntasach agus fadtéarmach (a mhair, nó atáthar ag dúil go mairfidh sé, 12 mhí nó níos mó) aige ar chumas an mhúinteora gnáthrudaí a dhéanamh ó lá go lá.

[1] The NI Teachers' Health and Wellbeing Survey, Tuarascáil Dheiridh – PricewaterhouseCoopers, Nollaig 2002: http://www.deni.gov.uk/teachers/h_safety/teachers_health_survey.pdf

5. Líon na scoileanna lonnaithe i limistéir Uirbeacha agus Thuaithe de réir Bord Oideachais agus Leabharlann 2008/09

		Béal Feirste	Iarthar	Oirthuisceart	Oirdheisceart	Deisceart	Iomlán i dTÉ
Naíscoileanna	**Tuaithe**	0	1	0	2	4	7
	Uirbeacha	32	11	15	17	16	91
	Iomlán	32	12	15	19	20	98
Bunscoileanna (scoileanna ullmhúcháin san áireamh)	**Tuaithe**	0	129	126	72	166	493
	Uirbeacha	94	56	85	86	59	380
	Iomlán	94	185	211	158	225	873
Iar-bhunscoileanna Meánscoileanna (neamhghramadaí)	**Tuaithe**	0	13	11	8	10	42
	Uirbeacha	20	18	25	20	29	112
Scoileanna Gramadaí	**Tuaithe**	0	2	1	0	2	5
	Uirbeacha	16	11	15	10	12	64
	Iomlán	36	44	52	38	53	223
Scoileanna Speisialta	**Tuaithe**	0	1	0	2	1	4
	Uirbeach	11	6	9	8	4	38
	Iomlán	11	7	9	10	5	42

Foinse: Daonáireamh scoileanna TÉ

Nóta:
Tá rangú na limistéar uirbeach agus tuaithe mar atá sé leagtha amach sa Tuarascáil de chuid an Ghrúpa Idir-Rannach ar Rangú Staitistiúil agus líniú Lonnaíochtaí (Feabhra 2005).

Iarscríbhinn 5

MÚINTEOIRÍ AGUS LÉACHTÓIRÍ BO AG DUL AR SCOR I DTUAISCEART NA HÉIREANN

1990-91 go 2009-10 blianta airgeadais – Ceart suas go dtí 1Deireadh Fómhair 2009

	Roimh Am			Aois	Laghdaithe go hAchtúireach	Droschshláinte	Líon iomlán na múinteoirí a chuaigh ar scor	Roimh am mar % den iomlán
Bliain	Scaoileadh Éifeachtach	Iomarcaíocht	Iomlán					
1990-91	246	164	410	169		104	683	60
1991-92	208	174	382	154		84	620	62
1992-93	131	149	280	174		114	568	49
1993-94	106	141	247	191		136	574	43
1994-95	85	173	258	162		159	579	45
1995-96	60	170	230	198		200	628	37
1996-97	56	274	330	214		182	726	45
1997-98	52	410	462	232		182	876	53
1998-99	61	327	388	240		183	811	48
1999-00	52	287	339	224		177	740	46
2000-01	57	376	433	229		181	843	51
2001-02	53	358	411	231		180	822	50
2002-03	49	378	427	248		184	859	50
2003-04	53	386	439	273		147	859	51
2004-05	44	373	417	289		121	827	51
2005-06	46	567	613	291		126	1030	60
2006-07	48	540	588	368		137	1093	54
2007-08	42	561	603	285	30	158	1076	56
2008-09	28	476	504	305	72	78	959	53
2009-10	1	166	167	224	63	46	500	35
Iomlán	**1,478**	**6,450**	**7,928**	**4,701**	**165**	**2,879**	**15,673**	**51**

Foinse: Ríomhchórais DE Phinsin na Múinteoirí

Iarscríbhinn 6

LÍON NA MÚINTEOIRÍ A CHUAIGH AR SCOR Ó SCOILEANNA NA NÚDARÁS ÁITIÚIL FAOI CHOTHABHÁIL I SASANA[1]

Bliain Airgeadais	Roimh Am[2][3]	Aois	Drochshlainte[4]	Iomlán	Roimh Am mar % den Iomlán
1989-90	8,060	3,500	3,580	15,140	53
1990-91	7,740	3,500	4,280	15,520	50
1991-92	6,530	3,170	4,030	13,730	48
1992-93	7,170	3,310	4,050	14,530	49
1993-94	8,030	3,430	4,820	16,280	49
1994-95	7,120	3,520	5,290	15,930	45
1995-96	8,600	3,480	5,160	17,240	50
1996-97	10,210	3,300	4,980	18,490	55
1997-98	11,350	3,590	3,260	18,200	62
1998-99[5]	2,370	3,850	2,280	8,500	28
1999-00	2,650	4,280	2,320	9,250	29
2000-01	3,150	4,250	2,630	10,030	31
2001-02	3,470	4,450	2,380	10,300	34
2002-03	3,950	5,070	2,030	11,050	36
2003-04	4,930	5,690	1,870	12,490	39
2004-05	6,050	6,580	1,580	14,210	43
2005-06	6,640	6,440	1,500	14,580	46
2006-07[6]	7,460	8,610	1,100	17,170	43
2007-08	7,440	10,120	720	18,280	41
2008-09	7,880	10,700	610	19,190	41

[1] Níl coláistí séú bliain curtha san áireamh.
[2] Áiríonn sé daoine a théann ar scor de réir a chéile agus sna cásanna sin is féidir leis na múinteoirí bheith ag obair i scoileanna.
[3] Is é an toradh a bhí ar an athrú ar Scéim Pinsin na Múinteoirí ón 31 Lúnasa 1997 ná go ndeachaigh i bhfad ní ba mhó múinteoirí ar scor sa bhliain 1997 seachas sna blianta roimhe sin. Áiríonn 'roimh am' daoine a chuaigh ar scor ó 2000-01 le Buntáiste Laghdaithe go hAchtúireach.
[4] Chuaigh athruithe sna rialacháin reachtúla maidir le scor de bharr drochsláinte i bhfeidhm ar 1 Aibreán 1997. Le bheith i dteideal buntáistí scoir de bharr drochsláinte, caithfidh dearbhú a bheith ar fáil a mhíníonn nach mbeidh an múinteoir ábalta teagasc arís de bharr drochsláinte.
[5] Tá na figiúirí ó1998-1999 ar aghaidh á leasú ar bhonn leanúnach de bharr go bhfuil dámhachtain aisbhreathnaitheacha á gcur isteach san áireamh agus de bharr go bhfuil buntáistí pinsin á gcur ar ceal de bharr go bhfuil múinteoirí ag tosú ag obair arís.
[6] Is meastacháin shealadacha iad na figiúirí ó 2006-07 ar aghaidh.

Foinse: Córas Staitistiúil Pinsinéirí (PENSTATS).

Iarscríbhinn 7

Comparáid idir na Socruithe maidir le Scor Roimh Am do Mhúinteoirí i dtuaisceart na hÉireann, i Sasana & sa Bhreatain Bheag agus in Albain

	TUAISCEART NA HÉIREANN	SASANA & AN BHREATAIN BHEAG	ALBAIN	DEISCEART NA HÉIREANN
Rialacháin na Príomhscéime	Rialacháin Aoisliúntais na Múinteoirí (TÉ) 1998	Na Rialacháin um Phinsin na Múinteoirí 1997	Rialacháin Aoisliúntais na Múinteoirí (TÉ) 2005.	Scéim Pinsean Múinteoirí Bunscoile 2009; Scéim Pinsean Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí 2009
Rialacháin maidir le Scor Roimh Am	Rialacháin na Múinteoirí (Cúiteamh as Iomarcaíocht agus as Scor Roimh Am) (TÉ) 1991	Rialacháin na Múinteoirí (Cúiteamh as Iomarcaíocht agus as Scor Roimh Am) (TÉ) 1997.	Rialacháin na Múinteoirí (Cúiteamh as Iomarcaíocht agus as Scor Roimh Am) (TÉ) 1996.	N/B. Cuireadh an Scéim Scoir roimh Am do Mhúinteoirí ar fionraí gan chríoch i ndiaidh Bhuiséad 2008.
Íocaíocht Iomarcaíochta	Suas go dtí uasmhéid de 30 seachtain de phá iomlán.	Suas go dtí 30 seachtain d'íocaíocht iomlán.	Suas go dtí 30 seachtain d'íocaíocht iomlán.	Dhá sheachtain pá do gach bliain seirbhíse móide pá seachtaine breise eile faoi réir uastheorainn tuillimh de €600 sa tseachtain.
Feabhsú Lánroghnach	Suas go dtí uasmhéid de 6 2/3 bliana. Costais íoctha ag an Údarás Cúiteach/Fhostóir ón 1 Aibreán 2008.	Suas go dtí uasmhéid de 10 mbliana. Tá an tÚdarás Cúiteach/Fostóir ag íoc na gcostas ó 1991.	Suas go dtí uasmhéid de 10 mbliana. Tá an tÚdarás Cúiteach/Fostóir ag íoc na gcostas ó 1991.	N/B. Cuireadh an Scéim Scoir roimh Am do Mhúinteoirí ar fionraí gan chríoch i ndiaidh Bhuiséad 2008.
Luathíocaíocht an Phinsin	Faigheann múinteoirí a fágadh iomarcach faoin Scéim Scor Roimh Am buntáistí neamhlaghdaithe pinsin. Íocann an Scéim Pinsean costas	Faigheann múinteoirí a fágadh iomarcach faoin Scéim Scor Roimh Am buntáistí neamhlaghdaithe pinsin. Íocann an Scéim Pinsean an méid	Faigheann múinteoirí a fágadh iomarcach faoin Scéim Scor Roimh Am buntáistí neamhlaghdaithe pinsin. Íocann an Scéim Pinsean an méid	Cé go bhfuil an Scéim Scoir roimh Am do Mhúinteoirí ar fionraí, tá foráil san áireamh sna Príomhscéimeanna Pinsean do scor roghnach ag 55 bliain d'aois. Tig le múinteoir a bhfuil 55 bliain d'aois

	TUAISCEART NA HÉIREANN	SASANA & AN BHREATAIN BHEAG	ALBAIN	DEISCEART NA HÉIREANN
	na luathíocaíochta .i. an difear idir na buntáistí fabhraithe agus an méid atá laghdaithe go hachtúireach (ar a dtugtar cúiteamh éigeantach sna scéimeanna eile).	atá laghdaithe go hachtúireach den phinsean agus den chnapshuim. Tá an difear idir an méid laghdaithe agus buntáistí neamhlaghdaithe fabhraithe, cúiteamh bliantúil agus cúiteamh cnapshuime (ar a dtugtar cúiteamh éigeantach) á íoc ag an Údarás Cúiteach/Fhostóir ó 1997.	atá laghdaithe go hachtúireach den phinsean agus den chnapshuim. Tá an difear idir an méid laghdaithe agus buntáistí neamhlaghdaithe fabhraithe cúiteamh bliantúil agus cúiteamh cnapshuime (ar a dtugtar cúiteamh éigeantach) á íoc ag an Údarás Cúiteach/Fhostóir ó 1996.	bainte amach aige/aici agus a bhfuil 35 de sheirbhís inphinsin aige/aici cur isteach ar scor ar phinsin. Níl an rogha seo ar fáil d'iontrálaithe úra a thagann isteach sa tseirbhís ar nó i ndiaidh 1 Aibreán 2004.
Coigeartú chuig Cúiteamh Éigeantach	N/A	I gcás go bhfuil tréimhse seirbhíse breise múinteoirí níos mó ná 6 2/3 de bharr feabhsú lánroghnach agus i gcás go bhfuil sé/sí i dteideal íocaíocht iomarcaíochta laghdaítear cúiteamh éigeantach faoi rialachán 17.	I gcás go bhfuil tréimhse seirbhíse breise múinteoirí níos mó ná 6 2/3 de bharr feabhsú lánroghnach agus i gcás go bhfuil sé/sí i dteideal íocaíocht iomarcaíochta laghdaítear cúiteamh éigeantach faoi rialachán 11 de réir na foirmle i sceideal 3 de na rialacháin.	N/B.
Pá Téarfa Feabhsaithe	N/A	Suas go dtí uasmhéid de 104 seachtain lúide aon íocaíocht a dhéanfar i bhformáid íocaíochta iomarcaíochta. Iníoctha mar rogha eile seachas scor roimh am a	Suas go dtí uasmhéid de 104 seachtain lúide aon íocaíocht a dhéanfar i bhformáid íocaíochta iomarcaíochta. Iníoctha mar rogha eile seachas scor roimh am a	N/B. Cuireadh an Scéim Scoir roimh Am do Mhúinteoirí ar fionraí gan chríoch i ndiaidh Bhuiséad 2008.

	TUAISCEART NA HÉIREANN	SASANA & AN BHREATAIN BHEAG	ALBAIN	DEISCEART NA HÉIREANN
		cheadú do mhúinteoirí atá thar an aois íosta scoir. Tá na híocaíochtaí sin ar fáil do mhúinteoirí fosta nach bhfuil i dteideal a bpinsean a fháil láithreach de bharr a n-aoise. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil na roghanna, Scor Roimh Am agus pá téarfa méadaithe comheisiach.	cheadú do mhúinteoirí atá thar an aois íosta scoir. Tá na híocaíochtaí sin ar fáil do mhúinteoirí fosta nach bhfuil i dteideal a bpinsean a fháil láithreach de bharr a n-aoise. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil na roghanna, Scor Roimh Am agus pá téarfa méadaithe comheisiach.	
Pinsean atá Laghdaithe go hAchtúireach	Tugadh isteach an fhoráil le Pinsean atá Laghdaithe go hAchtúireach a ghlacadh mar pháirt de na leasuithe pinsin ar 1 Aibreán 2007. Tugann sé deis do bhall atá níos mó ná 55 bliain d'aois éirí as go deonach ar phinsean laghdaithe roimh ghnáthaois pinsin. Ní théann sé i bhfeidhm ar na forálacha éirí as ar bhonn aoise, drochshláinte, iomarcaíochta nó scaoileadh éifeachtach. Níl Pinsin atá Laghdaithe go	Tugadh isteach an fhoráil le Pinsean atá Laghdaithe go hAchtúireach ar 30 Márta 2000. Tugann sé deis do bhall atá níos mó ná 55 bliain d'aois éirí as go deonach ar phinsean laghdaithe roimh ghnáthaois pinsin. Ní théann sé i bhfeidhm ar na forálacha éirí as ar bhonn aoise, drochshláinte, iomarcaíochta nó scaoileadh éifeachtach. Níl Pinsin atá Laghdaithe go hAchtúireach faoi réir lacáiste.	Tugadh isteach an fhoráil le Pinsean atá Laghdaithe go hAchtúireach a ghlacadh ar 1 Iúil 2002. Tugann sé deis do bhall atá níos mó ná 55 bliain d'aois éirí as go deonach ar phinsean laghdaithe roimh ghnáthaois pinsin. Ní théann sé i bhfeidhm ar na forálacha éirí as ar bhonn aoise, drochshláinte, iomarcaíochta nó scaoileadh éifeachtach. Níl Pinsin atá Laghdaithe go hAchtúireach faoi réir lacáiste.	Tugadh Rogha Costasneodrach Scoir isteach i 2005 a ligeann do mhúinteoirí scor ag 50 bliain d'aois (nó ag 55 bliain d'aois má tháinig siad isteach sa tseirbhís ar nó i ndiaidh 1 Aibreán 2004). Cuirtear laghdú achtúireach i bhfeidhm ar an phinsean agus chnapshuim bunaithe ar aois an mhúinteora.

	TUAISCEART NA HÉIREANN	SASANA & AN BHREATAIN BHEAG	ALBAIN	DEISCEART NA HÉIREANN
	hAchtúireach faoi réir lacáiste.			
Buntáistí breise bliantúla pinsin a cheannach.	Féadfaidh fostóirí buntáistí breise bliantúla a cheannach thar ceann an duine aonair in iolraithe de £250 suas go dtí uasmhéid ar fiú £5,000 í de bhuntáiste breise bliantúil pinsin. Tugtha isteach mar pháirt de na leasuithe pinsin ar an 1 Aibreán 2007.	Féadfaidh fostóirí buntáistí breise bliantúla a cheannach thar ceann an duine aonair in iolraithe de £250 suas go dtí uasmhéid ar fiú £5,000 í de bhuntáiste breise bliantúil pinsin. Tugtha isteach mar pháirt de na leasuithe pinsin ar an 1 Eanáir 2007.	Féadfaidh fostóirí buntáistí breise bliantúla a cheannach thar ceann an duine aonair in iolraithe de £250 suas go dtí uasmhéid ar fiú £5,000 í de bhuntáiste breise bliantúil pinsin. Tugtha isteach mar pháirt de na leasuithe pinsin ar an 1 Aibreán 2007.	Níl aon rogha ann sochair bhreise phinsin bhliantúla a cheannach. Tá rogha ann, áfach seirbhís bharúlach a cheannach trí laghduithe peiriadacha ó luach saothair.

Iarscríbhinn 8

Comparáid idir na Socruithe le haghaidh Scor Roimh Am de chuid na hEarnála Poiblí i dtuaisceart na hÉireann

	Múinteoirí	**Sláinte**	**Státseirbhís**[14]	**Rialtas Áitiúil**
Íocaíocht lomarcaíochta	Suas go dtí uasmhéid de 30 seachtain de phá iomlán	Suas go dtí uasmhéid de Thuarastal 24 mhí ar bhonn tuarastal aon mhí amháin do gach bliain iomlán de théarfa inríofa. Socrú Idirthréimhseach: Má roghnaíonn ball úsáid a bhaint as socruithe idirthréimhseacha, tá an íocaíocht iomarcaíocht a caidhpeáilte ag pá iomlán 30 seachtain.	Iníoctha amháin i gcás go bhfuil cúiteamh níos lú ná sin a bheadh iníoctha faoi na forálacha reachtúla.	Suas go dtí uasmhéid de 30 seachtain de phá iomlán
Pá Téarfa Feabhsaithe	*Á bhreithniú:* *Ó Aibreán 2010 suas go dtí uasmhéid de 104 seachtain lúide aon íocaíocht a dhéanfar i bhfoirm íocaíochta iomarcaíochta. Tá sé*	Níl aon fhoráil ar leith ann ach cuirtear san áireamh mar pháirt den íocaíocht iomarcaíocht a é.	Dóibh siúd atá faoi 50 bliain d'aois uasmhéid de thuarastal inphinsin 3 bliana do théarfa éigeantach agus tuarastal 2 bhliain do luath-théarfa solúbtha (deonach).	Suas go dtí uasmhéid de 104 seachtain lúide aon íocaíocht a rinneadh i bhformáid íocaíochta iomarcaíochta.

[14] Cuirfear leasuithe ar Scéim Chúiteamh na Státseirbhíse don Státseirbhís Bhaile i bhfeidhm ar 1 Aibreán 2010. Tá sonraí faoi na hathruithe le fáil ag http://www.civilservice.gov.uk/my-civil-service/pensions/compensation-scheme.aspx. Táthar ag breithniú ar athruithe comhfhreagracha do Státseirbhís TÉ faoi réir cheadaithe ó Aire Airgeadais agus Pearsanra.

	Múinteoirí *tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil na roghanna, Scor Roimh Am agus pá téarfa méadaithe comheisiach.*	**Sláinte**	**Státseirbhís**[14]	**Rialtas Áitiúil**
Feabhsú Lánroghnach	Suas go dtí uasmhéid de 6 2/3 blianta. Costais íoctha ag an Údarás Cúiteach/Fhostóir ón 1 Aibreán 2008.	Ón 1 Deireadh Fómhair 2011 ní bheidh aon fheabhsú iníoctha. Socrú Idirthréimhseach: 10 mbliana an t-uashméad a bhí ar fáil ar an 30 Meán Fómhair 2006. Do gach bliain ina dhiaidh sin laghdaítear an t-uasmhéad faoi dhá bhliain go dtí nach bhfuil aon fheabhsú ar fáil ó 1 Deireadh Fómhair 2011.	Féach an chuid faoi luathíocaíochtaí.	Suas go dtí uasmhéid de 6 2/3 blianta. Costais íoctha ag an Fhostóir. *Laghdóidh an tUas-fheabhsú go dtí 4 bliana ar 1 Aibreán 2009, 2 bhliain in Aibreán 2010 agus ó Mhárta 2011 ní bheidh aon rogha ag fostóirí pinsean blianta breise a ofráil.*
Luathíocaíocht an Phinsin	Faigheann múinteoirí a fágadh iomarcach	Féadfaidh baill de Scéim Pinseanan	Tá Luathscor Éigeantach iníoctha dóibh siúd atá fágtha	Mar rogha eile do luath-théarfa féadfaidh múinteoirí

Múinteoirí	**Sláinte**	**Státseirbhís**[14]	**Rialtas Áitiúil**
faoin Scéim Scor Roimh Am buntáistí neamhlaghdaithe pinsin. Íocann an Scéim Pinsean costas na luathíocaíocht a .i. an difear idir na buntáistí fabhraithe agus an méid atá laghdaithe go hachtúireach (ar a dtugtar cúiteamh éigeantach sna scéimeanna eile) *Á bhreithniú: Ó Aibreán 2010, múinteoirí a fágadh iomarcach faoin Scéim Scor Roimh Am; gheobhaidh siad buntáistí neamhlaghdaithe pinsin ar bhonn leanúnach. Íocann an Scéim Pinsean an méid atá laghdaithe go hachtúireach den phinsean agus den chnapshuim. Beidh an difear idir an*	NHS roghnú éirí as go luath gan luach na mbuntáistí pinsin a laghdú mar rogha eile seachas an íocaíocht Iomarcaíocht a a fháil. Íocann an fostóir an costas iomlán caipitlithe. Má roghnaíonn ball an rogha seo agus má tá an méid atá iníoctha mar íocaíocht iomarcaíocht a níos mó ná an costas caipitlithe don fhostóir, tá an fostóir i dteideal an difear idir an dá shuim a fháil.	iomarcach agus áiríonn sé siúd a chuir isteach ar iomarcaíocht nuair a ghlaonn an fostóir faoi choinne luathíocaíocht an phinsin. Costais íoctha ag an fhostóir. Íoctar pinsean feabhsaithe (uasmhéid de 6 2/3 bliana) agus cnapshuim saor ó cháin láithreach bonn móide íocaíocht cúitimh cnapshuime ar fiú suas go dtí 6 mhí de thuarastal é. Do chuid buntáistí breise luathscoir uile íoctha mar chúiteamh amháin le pinsean neamhfheabhsaithe agus cnapshuim curtha ar leataobh le haghaidh íocaíochta ag aois pinsin.	íocaíocht a fháil láithreach bonn de bhuntáistí neamhlaghdaithe pinsin. Íocann an Fostóir costas na luathíocaíochta.

Múinteoirí	Sláinte	Státseirbhís[14]	Rialtas Áitiúil
méid laghdaithe agus buntáistí neamhlaghdaithe fabhraithe, cúiteamh bliantúil agus cúiteamh cnapshuime (ar a dtugtar cúiteamh éigeantach) á íoc ag an Údarás Cúiteach/Fhostóir.			

Achoimre ar Fhreagairtí Comhairliúcháin ar an EQIA ar Dhréacht-Rialacháin na Múinteoirí (Cúiteamh as Iomarcaíocht agus as Scor Roimh Am) (TÉ) 2010 agus leasuithe comhlántacha ar Rialacháin Aoisliúntais na Múinteoirí (TÉ) 1998.

Intreoir

Chuardaigh an comhairliúchán dearcthaí ar mheasúnacht na Roinne ar thionchair chomhionannais na ndréacht-rialachán; agus aon eolas breise a d'fhéadfadh a bheith úsáideach ag déanamh measúnachta ar na tionchair chomhionannais sin.

Déanann an cháipéis seo achoimre ar na príomhcheisteanna ó na freagairtí le linn an phróisis chomhairliúcháin. Rinneadh anailís ar gach freagairt agus tá breithniú iomlán déanta ag an Roinn ar cheisteanna a bhaineann le grúpaí Alt 75.

Tá an Roinn Oideachais buíoch díobh siúd uile a thug freagairt ar an cháipéis comhairliúcháin.

Fuarthas freagairtí ó 18 eagraíocht/duine sna catagóirí seo a leanas .

Príomhoide	2
Múinteoir	4
Bord Gobharnóirí	1
Údaráis/Eagraíochtaí Fostaíochta/	4
Ceardchumainn Mhúinteoirí	5
Grúpaí Alt 75	2
Iomlán	18

Forbhreathnú ar Fhreagairtí Comhairliúcháin

Léiríonn cuid de na freagairtí ganntanas tuisceana ar ábhar buartha é maidir le cuspóir an chomhairliúcháin agus d'úsáid siad an comhairliúchán arís mar dheis freagairt a thabhairt arís ar an chomhairliúchán roimhe seo faoi na dréacht-rialacháin. As na freagróirí, dhearbhaigh 50% go mbeadh tionchair ann maidir le grúpaí Alt 75; níor tugadh aon fhianaise le tacú leis na dearbhuithe áfach.

Tugann an tábla thíos achoimre ar na ceisteanna a bhaineann le grúpaí Alt 75 agus tráchtaireacht na Roinne orthu.

Ceist a Tógadh sa Chomhairliúchán	Tagairt
Thóg roinnt comhairlithe roinnt ceisteanna faoin laghad sonraí ar roinnt grúpaí Alt 75.	Tá eolas ar chlaonadh gnéasach, chleithiúnaigh agus bharúil polaitíochta an-deacair a fháil. Tugtar faoi deara go luann an Coimisiún Comhionannais ina threoir:- "Bíodh is go bhfuil bailiú sonraí ábhartha tábhachtach, caithfidh údaráis phoiblí a bheith feasach go dtiocfadh le ceisteanna íogaireachta agus rúndachta teacht aníos maidir le míchumas, claonadh gnéasach agus barúil polaitíochta". Amharcfaidh an Roinn ar bhealaí le breis eolais a fháil ar chomhshuíomh an phroifisiúin mhúinteoireachta le comhpháirtithe oideachais.
Ní bheidh múinteoirí níos sine ábalta dul ar scor go luath le pinsean iomlán agus níltear ag caitheamh leo chomh fabhrach agus a caitheadh lena réamhtheachtaithe mar sin de.	Ó tharla nach mbeadh costas scoir roimh am á íoc ag an NITPS níos mó faoi na rialacháin bheartaithe, admhaíonn an Roinn go mb'fhéidir nach mbeadh an leibhéal cúitimh chomh fial agus a bhí sna blianta roimhe seo. Ní bhaineann na rialacháin bheartaithe discréid an fhostóra sochair neamhlaghdaithe pinsin a íoc dóibh siúd atá thar 55 bliain d'aois áfach. Is faoin fhostóir a bheidh na cúinsí faoina ndeonófar scor roimh am nó faoina ndéanfar íocaíochtaí téarfa agus leibhéal na n-íocaíochtaí sin. Beidh an dualgas i gcónaí ar údaráis fostaíochta iad féin a shásamh go dtig leo aon difear in íocaíochtaí cúitimh do dhaoine a bhfuil deireadh á chur lena bhfostaíocht go luath a dhlisteanú go hoibiachtúil. Tugtar faoi deara nach ceist Alt 75 é an dóigh a bhfuiltear ag caitheamh le múinteoirí anois i gcomparáid leis an dóigh ar caitheadh lena réamhtheachtaithe maidir lena bpinsean a fháil.
Má ardaítear an aois íosta scoir go dtí 55 ó Aibreán 2010 is féidir go mbeidh tionchar díobhálach aige maidir le cúrsaí aoise	An tAcht Airgeadais 2004 a thug an t-athrú ar an aois íosta scoir isteach agus mar sin de ní cuid den chomhairliúchán é. Is é gnáthaois an phinsin ná an aois is óige a dtig le ball de scéim chláraithe pinsean bheith ag dúil lena c(h)uid sochar a thógáil de ghnáth. Sainmhínítear in alt 279(1) den Acht Airgeadais 2004 é mar 50 bliain d'aois roimh 6 Aibreán 2010, agus 55 bliain d'aois ar nó i ndiaidh an dáta sin. Ceist a bhaineann le dlí chánach tá ann seo agus baineann sé le gach ball de

	scéimeanna cláraithe pinsean. Cuireann na dréacht-rialacháin solúbthacht ar fáil d'fhostóirí le híocaíocht fheabhsaithe téarfa nó foirceanta a dhéanamh mar chomhrogha ar scor roimh am a dheonú. Tá sé seo ar fáil do gach múinteoir, is cuma cén aois atá siad, atá i dteideal íocaíochta reachtúla iomarcaíochta. Tionchar dearfach atá ann seo i gcomparáid leis an fhoráil atá ann cheana féin do mhúinteoirí faoin aois íosta scoir.
Beidh siad siúd a ghlacann le scor roimh am go deonach faoi mhíbhuntáiste airgeadais; fanfaidh múinteoirí níos sine i bhfostaíocht múinteoirí níos faide, rud a rachaidh i bhfeidhm ar dheiseanna ardaithe céime dóibh siúd atá i bhfostaíocht agus a chruthóidh deacrachtaí do mhúinteoirí nuacháilithe fostaíocht a aimsiú.	Ní úsáid inchosanta chistí finideacha poiblí é pacáistí costasacha scoir roimh am a sholáthar do mhúinteoirí níos sine, a gcuardaíonn cuid mhór acu athfhostaíocht mar mhúinteoirí ionaid ansin agus a n-éiríonn leo, le cinntiú go bhfaighidh múinteoirí níos óige fostaíocht. Tá na socruithe lena gcúitítear múinteoirí as scor roimh am in ainm is a bheith ann le huirlis bhainistíochta a sholáthar a dtig le hÚdaráis Fostaíochta a úsáid le feabhsú cáilíochtúil a chur i bhfeidhm ina gcuid scoileanna. Ní bhronnann siad ceart chun scoir roimh am ar mhúinteoirí. Coinníonn na dréacht-rialacháin na foralácha do scor roimh am atá ann cheana féin agus cuireann siad íocaíochtaí téarfa ar fáil fosta de suas le 104 seachtaine tuarastail, rud a ligeann d'fhostóirí scaoileadh saor luath na múinteoirí a chinntiú más gá. Tugadh foráil faoi leith isteach i 2007 a ligeann do mhúinteoir atá 55 bliain d'aois agus níos mó dul ar scor go deonach roimh an ghnátham scoir agus sochair phinsin atá laghdaithe go hachtúireach a fháil.
Bunaíodh argóintí ar an chor chun donais déimeagrafach, iaimh scoileanna, cuíchóiriú agus cónascthaí; na tairbhí faoi choinne foghlama atá le fáil ó chohórt níos óige múinteoirí a fhostú; an tionchar ionchasach ar an ghá le hoiliúint mhúinteoirí; agus an difear sa tsamhail soláthair agus éilimh i	Arís, tá dearbhuithe faoi thionchair ionchasacha na ndréacht-rialachán ag brath ar an bhonn tuisceana nach mbeidh fostóirí ábalta go leor deonach a aimsiú le hiomarcaíochtaí éigeantacha a sheachaint. Léiríonn fianaise ó na scéimeanna eile múinteoireachta, a d'aistrigh chuig muirear crua a ghearradh sna 1990í, cé go raibh ísliú i dtosach i líon na ndeonach, gur mhéadaigh líonta na ndeonach nuair a d'athraigh ionchais na múinteoirí go dtí an leibhéal cúitimh a bhíodh á thairiscint ag údaráis fostaíochta.

dtuaisceart na hÉireann i gcomparáid le hAlbain, Sasana agus an Bhreatain Bheag.	
Ba chóir discréid a thabhairt ar shiúl agus leibhéal íosta sochar a shonrú mar go dtiocfadh le cóireáil éagothrom a bheith mar thoradh ar an ghné dhiscréideach den chúiteamh.	Ní léir cen grúpa Alt 75 a mbeadh tionchar ag an phointe seo air. Ní cuí discréid a thabhairt ar shiúl nó leibhéal íosta sochar iníoctha a shainiú. D'fhéadfaí ualach airgeadais a bheith á chur ar fhostóirí mar thoradh air seo nach mbeadh na hacmhainní acu le híoc. Is ceart gur cheist pholasaí ó thaobh an fhostóra de na cúinsí faoina ndeonófar scor roimh am nó faoina ndéanfar íocaíochtaí téarfa agus leibhéal na n-íocaíochtaí sin. Nuair a thabharfar fostóir aonair isteach amach anseo, ba chóir go bhfreagrófaí aon cheist a bhainfeadh leis an chumas do chóireáil éagothrom.
Deanfar leatrom siúd atá i bpoist shinsearacha, .i. Príomhoide agus Leas-phríomhoide Principal, mar nach bhfuil aon socrú ann le ligean dóibh iomarcaíocht dheonach a ghlacadh nó scor roimh am.	Ní cuid de ghrúpa Alt 75 iad siúd atá i bpoist shinsearacha. Ní thoirmeascann na rialacháin atá ann cheana féin nó na dréacht-rialacháin na múinteoirí siúd atá i bpoist shinsearacha ó bheith scortha roimh am ar chúinsí iomarcaíochta nó ar mhaithe le comhlíonadh éifeachtach fheidhm an fhostóra.
Beidh tionchar díobhalach aige ar mhúinteoirí óga baineanna a bhfuil iomarcaíocht éigeantach i ndán dóibh mar thoradh ar níos lú múinteoirí ag iarraidh iomarcaíocht dheonach a ghlacadh.	Ní léir go fóill cad é mar a rachaidh an iomarcaíocht a thairgfear sna blianta amach romhainn i bhfeidhm ar líonta agus ar phróifíl na ndaoine atá ag iarraidh iomarcaíocht dheonach a ghlacadh. Baileofar sonraí ar bhonn bliantúil faoin tionchar a bheidh ag na rialacháin ar pholasaithe na bhfostóirí agus faoin dóigh a mbeidh sé seo ag dul i bhfeidhm ar na grúpaí agus ar na fo-ghrúpaí ábhartha laistigh de na catagóirí comhionannais chomh maith leis an líon scor roimh am. Má thaispeánann an mhonatóireacht agus an anailís seo ar thorthaí thar thréimhse dhá bhliain tionchar níos díobhálaí ná a rabhthas ag dúil leis, nó má thagann deiseanna aníos a cheadódh comhionannas deiseanna níos mó a chur chun cinn, déanfar athbhreithniú ar na rialacháin mar aon le polasaithe ábhartha na n-údarás fostaíochta le dearbhú an féidir fothorthaí níos fearr a bhaint amach do na grúpaí ábhartha comhionannais.

D'fhéadfadh méadú a bheith i líon na n-iomarcaíochtaí deonacha. D'fhéadfadh próifíl aoise na múinteoirí iomarcacha éirí níos measctha – nó go príomha sa réimse is óige aoise – in ionad múinteoirí níos sine (50+) a bheith ann go heisiach beagnach mar atá faoi láthair.	Braitheann an pointe seo ar an leibhéal maoinithe atá leithdháilte faoi choinne chúitimh ag na húdaráis fostaíochta agus ar a gcumas poist iomarcacha a mheaitseáil le deonaigh. Bheadh sé seo ag brath faoi seach ar mhéad ionchas na múinteoirí maidir le cad é is leibhéal réasúnta nó inghlactha cúitimh ann. Baileofar sonraí ar bhonn bliantúil faoin tionchar a bheidh ag na rialacháin ar pholasaithe na bhfostóirí agus faoin dóigh a mbeidh sé seo ag dul i bhfeidhm ar na grúpaí agus ar na fo-ghrúpaí ábhartha laistigh de na catagóirí comhionannais chomh maith leis an líon scor roimh am. Má thaispeánann an mhonatóireacht agus an anailís seo ar thorthaí thar thréimhse dhá bhliain tionchar níos díobhálaí ná a rabhthas ag dúil leis, nó má thagann deiseanna aníos a cheadódh comhionannas deiseanna níos mó a chur chun cinn, déanfar athbhreithniú ar na rialacháin mar aon le polasaithe ábhartha na n-údarás fostaíochta le dearbhú an féidir fothorthaí níos fearr a bhaint amach do na grúpaí ábhartha comhionannais.
Is dócha gur toisc atá ag brath ar phróifíl aoise na múinteoirí atá i gceist é stádas cleithiúnaí. Ó tharla go mbeadh ioncaim laghdaithe go hionchasach agus go mb'fhéidir go mbeadh cleithiúnaithe ag baill den Scéim in oideachais tríú leibhéal, thiocfadh leis an tionchar ar an ghrúpa seo a bheith díobhálach.	Ní léir go fóill cad é mar a rachaidh an cúiteamh a thairgfear sna blianta amach romhainn i bhfeidhm ar líonta agus ar phróifíl na ndaoine atá ag iarraidh iomarcaíocht dheonach a ghlacadh.
Tarraingíodh líne chomhthreomhar le téarmaí téarfa atá ar fáil d'oibrithe eile de chuid na hearnála poiblí.	Cuirfidh na rialacháin nua na socruithe do chúiteamh scoir roimh am ar aon dul le scéimeanna eile de chuid na hearnála poiblí ina bhfuil fostóirí freagrach as na costais bhreise a bhaineann le scor roimh am a íoc cheana féin. Ní bhaineann na rialacháin nua aon cheann de na sochair a bhíodh ar fáil roimhe seo ar shiúl agus cuirfidh siad discréid ar fáil d'fhostóirí íocaíochtaí feabhsaithe téarfa a dhéanamh le suas go dtí uasmhéid 104 seachtaine pá is cuma faoi aois nó fad seirbhíse. (Dóibh siúd atá thar an aois íosta scoir is féidir é seo a úsáid mar chomhrogha ar Chúiteamh Scoir Roimh Am a dheonú.)

Ba chóir múinteoirí a thoirmeasc ó bhreis fostaíochta a chuardach i ndiaidh scoir roimh am.	Mhol an Roinn d'fhostóirí arís is arís eile nár chóir múinteoirí scortha a athfhostú ach amháin le clúdach gearrthéarma a sholáthar mura mbíonn múinteoirí nuacháilithe nó múinteoirí neamhscortha le taithí ar fáil. Oibríonn rialacha Scéim Pinsean na Múinteoirí in aghaidh múinteoirí scortha a fhostú, sa chaoi is go dtiocfadh le múinteoirí mar sin laghdú pinsin a fhulaingt de dheasca tuillimh ón fhostaíocht mar mhúinteoir. Tá rialuithe dochta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar chásanna mar sin. Ó 1999/2000 tá leibhéal na haisíocaíochta lárnaí ó bhoird oideachais agus leabharlainne caidhpeáilte ag pointe 4 den Phríomhscála. Tugann sé seo dreasacht do scoileanna múinteoirí nuacháilithe a fhostú le clúdach ionaid a sholáthar i bhfabhar múinteoirí scortha níos costasaí. Tá solúbthacht ag scoileanna áfach, cinneadh a dhéanamh múinteoir a fhostú ag costas níos airde a bhainfear de bhuiséad na scoile más mian leo é. Tá an Roinn ag scrúdú roghanna faoi láthair do bhreis srianta ar athfhostú mhúinteoirí a théann ar scor roimh am, ag cuimhneamh ar na ceisteanna ionchasacha dlí agus comhionannais a d'fheadfadh éirí ó aon bheart ionchasach nua.
De réir mar a dhruideann scoileanna tuaithe de dheasca prionsabail na Scoileanna Inbhuanaithe de chuid na Roinne Oideachais a chur i bhfeidhm, beidh tionchar díobhálach ar phobail tuaithe mar sin de.	Baineann an tagairt le prionsabail na Scoileanna Inbhuanaithe agus ní faoi thionchar na rialachán um scor roimh am.
Ní mheastar go mbeidh tionchar díobhálach ag na rialacháin ar aon cheann de na catagóirí Alt 75 ar bhonn an eolais atá ar fáil faoi láthair.	Glacadh leis
Moladh gur chóir EQIA eile a dhéanamh i gceann dhá bhliain.	Baileofar sonraí ar bhonn bliantúil faoin tionchar a bheidh ag na rialacháin ar pholasaithe na bhfostóirí agus faoin dóigh a mbeidh sé seo ag dul i bhfeidhm ar na grúpaí agus ar na fo-ghrúpaí ábhartha laistigh de na catagóirí comhionannais chomh maith leis an líon scor roimh am. Má

	thaispeánann an mhonatóireacht agus an anailís seo ar thorthaí thar thréimhse dhá bhliain tionchar níos díobhálaí ná a rabhthas ag dúil leis, nó má thagann deiseanna aníos a cheadódh comhionannas deiseanna níos mó a chur chun cinn, déanfar athbhreithniú ar na rialacháin mar aon le polasaithe ábhartha na n-údarás fostaíochta le dearbhú an féidir fothorthaí níos fearr a bhaint amach do na grúpaí ábhartha comhionannais.
Moladh gur chóir moill a chur ar na rialacháin nó iad a chéimniú go dtí leibhéil éagsúla leis na tionchair líomhanta a mhaolú.	Ar dhóigh amháin, tá glactha ag an Roinn le cur chuige céimnithe nuair a iarradh ar údaráis fostaíochta costas blianta breise ó 2008 a íoc agus tá sochair luathíocaíochta pinsin neamhlaghdaithe ar fáil go fóill san idirlinn gan aon chostas ar fhostóirí. Tá fostóirí anseo ag baint suilt as scéim scoir roimh am atá beagnach costasneodrach le níos mó ná deich mbliana níos faide ná a macasamhail in Albain agus i Sasana & sa Bhreatain Bheag. I 2005, mar chuid den obair a bhain le Tuarascáil 2001 de chuid Achtúire an Rialtais ar Scéim Aoisliúntais na Múinteoirí (TÉ) a chur le chéile, mhol Roinn Achtúire an Rialtais (GAD), le leibhéal reatha na scor roimh am a choinneáil, go gcaithfí ráta rannaíocaíochta na bhfostóirí a mhéadú faoi idir 7.5% agus 8%. Leis an Achtúire a shásamh faoi inmharthanacht leanúnach na scéime pinsin ina iomlán, agus le gá le méadú láithreach i rannaíocaíochtaí a sheachaint rud a chuirfeadh níos mó ná £60m le caiteachas bliantúil poiblí, d'iarr an Roinn ar GAD pleanáil ar an bhonn tuisceana go mbeadh údaráis fostaíochta freagrach as na costais bhreise a bhaineann le scor roimh am ó 1 Aibreán 2007. Ag leagan síos an ráta ranníocaíochta ó 1 Aibreán 2006 ghlac GAD leis mar sin go n-íocfadh fostóirí as costas iomlán scoir roimh am ó 1 Aibreán 2007, ag seachaint mar sin an ghá le méadú láithreach i ranníocaíochtaí. Mar a tharla sé áfach, cuireadh na hathruithe a bhí beartaithe d'Aibreán 2007 siar le bheith i gcomhthráth le bunú an Údaráis Oideachais agus Scileanna (ESA), a bhí sceidealaithe i dtús báire d'Aibreán 2008. As siocair nár tharla bunú ESA i 2008, níor tugadh gearradh mhuirear crua d'fheabhsuithe ("blianta breise") isteach ach mar bheart eatramhach. Lean an Scéim uirthi mar sin ag íoc as costas iomlán scoir roimh am i 2007 agus as costas luathíocaíochta pinsin i 2008 agus 2009. Táthar ag dúil go mbeidh Tuarascáil Luachála 2008 críochnaithe ag GAD le linn 2010 agus caithfidh sé cuimhneamh ar dhliteanais bhreise fabhraithe i

	2007, 2008 agus 2009 agus iad ag leagan síos an ráta ranníocaíochtaí. Dá fhaide an mhoill a chuirtear ar na hathruithe atá beartaithe, is amhlaidh is mó an méadú a bheidh i rátaí ranníocaíochta mar gheall air.